DEPARTMENT OF FOREIGN AFFAIRS
AN ROINN GNOTHAI EACHTRACHA

An Roinn Gnóthaí Eachtracha

Tuarascáil Bhliantúil

2007

Ráiteas Misin

Is é Misean na Roinne Gnóthaí Eachtracha leasanna polaitiúla agus eacnamaíochta na hÉireann a chur chun cinn san Aontas Eorpach agus ar fud an domhain, cion tairbhe na hÉireann a chothú i gcúrsaí síochána, slándála agus forbartha idirnáisiúnta tríd an Aontas Eorpach agus trí pháirt ghníomhach a ghlacadh in eagrais idirnáisiúnta, go háirithe sna Náisiúin Aontaithe, ár saoránaigh a chosaint thar lear, agus athmhuintearas agus comhpháirtíocht a shaothrú ar oileán na hÉireann.

Clár

BROLLACH ÓN AIRE GNÓTHAÍ EACHTRACHA 3

REAMHRÁ ÓN ARD-RÚNAÍ 5

2007: ACHOIMRE AR FHORBAIRTÍ AGUS AR ÉACHTAÍ 9

TUAISCEART ÉIREANN AGUS CAIDREAMH ANGLA-ÉIREANNACH 12

RÓL DOMHANDA NA HÉIREANN 15

AN TAONTAS EORPACH 19

LEASANNA EACNAMAÍOCHA AGUS CULTÚRTHA NA HÉIREANN A CHUR CHUN CINN 22

CÚNAMH ÉIREANN 24

SEIRBHÍSÍ CONSALACHTGA AGUS PAS 28

SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA 32

AGUISÍNÍ 37

Brollach ón Aire Gnóthaí Eachtracha

Tá an-áthas orm glacadh leis an Tuarascáil Bhliantúil do 2007, a ullmhaíodh de réir fhorálacha an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997.

Ba bhliain chinniúnach í 2007 d'oileán na hÉireann. Bhí tábhacht ar leith ag baint le hathbhunú an Chomhthionóil agus an Fheidhmeannais i dTuaisceart Éireann, agus le comóradh cruinniú iomlánach den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas in Ard Mhacha, an chéad chruinniú le cúig bliana anuas. Ba bheoshiombail ar na forbairtí seo an cruinniú idir an Taoiseach, Bertie Ahern T.D. agus an Chéad Aire, an Dr. Ian Paisley i Farmleigh, aitheasc an Taoisigh os comhair dhá Theach na Parlaiminte i Westminster agus cuairt an Dr. Paisley ar shuíomh Chath na Bóinne. Agus sinn ag druidim ar aghaidh i dtreo lánfheidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta caithfimid a chinntiú freisin go dtugaimid aghaidh ar na saincheisteanna deacra atá mar oidhreacht againn ag éirí as tríocha bliain choimhlinte.

Sa réimse idirnáisiúnta lean an Roinn Gnóthaí Eachtracha lena cuid oibre chun a chinntiú go ndearna Éire a cuid agus aghaidh á thabhairt ar na dúshláin dheacra polaitiúla, daonna agus cearta sibhialta sa Mheán Oirthear, in Darfúr, i mBurma agus in áiteanna eile. D'oibrigh an Roinn go dlúth leis an Roinn Cosanta chun mór-ról a bhaint amach d'Éirinn i misean an AE go Sead. Cuirfidh an misean seo buntaca le hiarrachtaí dídeanaithe ó Dharfúr agus daoine asáitithe eile a chosaint.

Ag teacht leis an tiomantas sa Chlár don Rialtas tá an Roinn tar éis clár oibre a fhorbairt don Aonad nua um Réiteach Coinbhleachta. Bhí Éire i gceartlár iarrachtaí idirnáisiúnta chun cosc a chur ar chnuas-mhuinisin agus,maidir leis seo, d'eagair comhdháil taidhleoireachta I bPáirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath, a raibh mar aidhm aige an chéad dlí riamh faoi dtaobh de chnuas-mhuinisín chur I gcrích. D'fhreastal fóirne ó 111 Stáit ar an gcomhdháil, a mhair ó 19ú go dtí 30ú Bealtaine 2008, agus bhí ionadaithe ann chomh maith ó Stáit bhreathnadóra, eagraíochtaí idirnaisiúnta agus lucht sibhialta. Bhí rath ar an gcomhdháil sa deireadh agus cinneadh ar Chomhshocrú a chuireann cosc ar úsáid, déantús agus ar ghnóthú chnuas-mhuinisin. Tá altanna láidre sa Chomhshocrú I dtaobh cabhrú le íobartach agus chomhoibriú idirnáisiúnta. Síneófar é in Oslo ar 3ú Nollaig 2008 agus rachaidh sé i dtreise nuair a dhaingneoidh 30 Stáit é.

San Eoraip síníodh an Conradh Leasaithe i Liospóin ar an 13 Nollaig 2007 agus cuireadh tús láithreach ansin leis an ullmhúchán ar reachtaíocht a chuirfeadh ar chumas mhuintir na hÉireann an Conradh a fhormhuiniú i reifreann. Ag tús 2007 rinneadh teanga oifigiúil agus oibre an Aontais den Ghaeilge agus anuraidh freisin d'achtaigh an tOireachtas reachtaíocht chun sruthlíniú a dhéanamh ar an gcaoi a thrasaímid dlí an AE sa dlínse seo.

Agus mé i m'Aire roimhe seo, bhraith mé obair eacnamaíoch Ambasáidí na hÉireann. Tugfaidh mé tacaíocht mar Aire Gnóthaí Eachtrachra d'fhorbairt na h-oibre seo sa Roinn chun gnó do chuideachtaí Éireannacha a chur chun cinn. Tá treoirlínte ullmhaithe ag an Roinn d'ár nAmbasáidí chun a gcuid oibre a dhíriú tuilleadh ar chothú trádála. Ina theannta seo cuireadh oiliúint speisialta ar shaincheisteanna trádála ar fáil freisin le linn 2007 chun an t-eolas agus na scileanna cuí a theastaíonn don obair thábhachtach seo a sholáthar d'ár dtaidhleoirí.

Bhrú Stiúrthóireacht Chomhoibriú Forbartha na Roinne, Cúnamh Éireann, dul chun cinn suntasach ar aghaidh ar raon leathan fronta mar chuid d'iarrachtaí na hÉireann chun an bhochtaineacht a laghdú agus fás inmharthanach a spreagadh i dtíortha atá i mbéal forbartha. Mar léiriú ar ár gceannaireacht ar an gclár forbartha chuir Éire an

séú cuid is airde sa domhan ar fáil ar mhaithe le maoiniú i 2007 agus bhunaíomar an Tascfhórsa Ocrais chun scagadh a dhéanamh ar an méid a d'fhéadfadh Éire a sholáthar chun dul i ngleic le bun-chúiseanna easpa bia, go h-áirid san Afraic..

Bhuail an tascfhórsa sin, a chuimsíonn roinnt ceannairí mór le rá sa réimse seo, le chéile faoi dhó anuraidh agus tá sé le tuarascáil a chur ar fáil níos déanaí i 2008.

Tugadh an obair ar Lárionad Faisnéise agus Saorálaíochta Chúnamh Éireann chun críche agus osclaíodh é in Eanáir 2008. Osclaíodh Ambasáid nua de chuid na hÉireann sa Mhaláiv agus cuireadh clár cúnaimh dhéthaobhaigh ar bun, rud a fhágann go bhfuil naoi dtír tosaíochta anois againn. Ina theannta seo aontaíodh Páipéir Straitéise Tíre nua, a leagan amach pleananna Chúnamh Eireann i dtaobh chomhoibriú Forbartha i gcomhair achair áirithe, do Mhósaimbíc, an Tansáin, Uganda, Vítneam, an tSaimbia agus an Afraic Theas. Thugamar cláir ilbhliantúla le roinnt NGOanna Éireannacha chun críche faoina gcuirfear €326m ar fáil don earnáil thábhachtach seo, as seo go ceann tréimhse ceithre bliana.

Sa bhlian 2007, d'oscail an Roinn Lárionad Éigeandála saintógtha i mBaile Átha Cliath a féidir a oibríochtú ar gearrfhógra mar fhreagra ar éigeandálaí thar lear. Tá foirní chúnamh consalachta éigeandála bunaithe ó shaorálaithe sa Roinn agus tá oiliúint curtha ar fáil dóibh. Ó anuraidh cuireann an Roinn cúnamh consalachta ar fáil don phobal freisin óna hoifigí i gCorcaigh agus tugadh reachtaíocht nua pasanna isteach i 2007 a chuirfidh le slándáil phasanna Éireannacha.

Creidim gur féidir linn breathnú siar ar 2007 mar bhliain inar baineadh gnóthachtáil nach beag amach thar raon gníomhaíochta de chuid na Roinne Gnóthaí Eachtracha.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo réamhtheachtaí, an tAire Dermot Ahern, mar gheall ar a chuid oibre agus a dhúthracht le linn na bliana seo chaite. Táim ag tnúth le dlúth-obair leis an Aire Stáit Dick Roche agus leis an Aire Stáit Peter Power, sna réimsí Gnóthaí Eachtracha agus Cúnamh Forbartha.

Táim muiníneach go mbeifear in ann tógáil ar an obair a rinneadh i 2007 chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ról na hÉireann ar fud an domhain de bhun a leasanna agus a luachanna.

Micheál Martin
An tAire Gnóthaí Eachtracha

Réamhrá

Réamhrá ón Ard-Rúnaí

Tá an-áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil seo do 2007 a chur i láthair an Aire Gnóthaí Eachtracha, Micheál Martin T.D.

Bhí athbhunú Comhthionóil agus Feidhmeannais Thuaisceart Éireann i mBealtaine 2007 ar cheann de mhórphointí na bliana don Roinn Gnóthaí Eachtracha, agus ar ndóigh don tír ina hiomláine. Ba chríoch é ar obair roinnt mhaith blianta ag roinnt mhaith daoine ach féadfaidh foireann na Roinne Gnóthaí Eachtracha, ag obair faoi stiúir an Aire, a bheith mórtasach as a ndearna siad chun an éacht ollmhór seo a bhaint amach. Ar ndóigh tá dúshláin ann i gcónaí ach tá athrú tagtha ar nádúr na ndúshlán sin, agus táimid á gcur féin in oiriúint chun freastal ar na cúinsí athruithe sin.

Chuir an Roinn freisin le dréachtadh Chonradh Leasaithe an AE a shínigh an Taoiseach agus an tAire Gnóthaí Eachtracha i Liospóin i mí na Nollag. I 2007, thugamar fócas agus soiléire níos mó d'obair eacnamaíoch na Roinne nuair a foilsíodh treoir nua chun cabhrú lenár Misin deiseanna trádála agus gnó do chuideachtaí Éireannacha a spreagadh.

I 2007 bhí buiséad Chúnamh Éireann ag ardleibhéal arís eile. Is dúshlán lárnach don Roinn é bainistiú éifeachtach agus éifeachtúil an chláir chúnaimh chun athrú i ndáiríre a sheachadadh. Is léiriú amháin é bunú Coiste Idir-rannach Forbartha anuraidh, ar na hathruithe atá á ndéanamh chun freastal ar an dúshlán sin agus clár den chaighdeán is airde a chothú. Cuireadh tús le hathbhreithniú bainistíochta i gcomhair leis an Roinn Airgeadais, ar na struchtúir a theastaíonn don chlár agus é ag fás i gcónaí, i 2007 agus tabharfar an obair sin chun críche i 2008.

Rinne an Roinn dul chun cinn an-suntasach agus í ag freastal ar a tiomantais faoi chlár díláraithe an Rialtais. Tá tulmheitheal de bhreis ar 50 duine ag obair anois i Luimneach agus aistreoidh an chuid eile díobh sin atá á ndílárú nuair a bheidh na hoifigí nua críochnaithe níos déanaí I mbliana.

I réimse Réiteach Coinbhleachta, ar tosaíocht nua don Roinn é ar a lán bealaí, chuir an obair a rinneadh i 2007 bunchloch daingean d'obair níos feiceálaí i 2008 agus ina dhiaidh sin arís, ag tarraingt ar raon leathan acmhainní laistigh agus lasmuigh den Roinn.

Ag tógáil ar thaithí an aslonnaithe rathúil as an Liobáin i 2006, agus ar líon cleachtaí struchtúrtha eile, rinne an Roinn uasghrádú ar a cumas freagairt ar gearrfhógra do chúinsí éigeandála thar lear a chuireann slándáil saoránaigh de chuid na hÉireann i mbaol. Níl anseo ach sampla amháin dár n-iarrachtaí leanúnacha chun leibhéal na seirbhíse a thairgimid d'Éireannaigh atá ag taisteal nó ina gcónaí thar lear.

Tá an tuarascáil seo á cur i láthair i gcomhthéacs an Ráitis Straitéise 2005-2007. Agus mé ag tuairisciú ar an mbliain dheireanach atá clúdaithe ag an Ráiteas sin, measaim gur féidir linn a rá go muiníneach go bhfuil dul chun cinn ollmhór déanta ag an Roinn chun freastal ar na dúshláin a chuireamar romhainn thar an tréimhse sin. Is mian liom arís aitheantas a thabhairt do dhíograis agus do thiomantas fhoireann na

Roinne, sa Cheannáras agus thar líonra na Misean araon, a choinnigh orthu ag cur seirbhíse ardchaighdeáin ar fáil do mhuintir na hÉireann, don Aire agus don Rialtas.

Dermot Gallagher
Ard-Rúnaí

Ár Straitéis

Is iad ár luachanna agus an comhshaol eachtrach a dtagann siad i dteagmháil leis, a mhúnlaíonn polasaí eachtrach na hÉireann. Shainmhínigh Ráiteas Straitéise 2005-2007 na Roinne Gnóthaí Eachtrach tosaíochtaí na Roinne don tréimhse a chlúdaítear sa tuarascáil seo.

Tá na doiciméid uile dá dtagraítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo, mar shampla an Ráiteas Straitéise 2005-2007, an Páipéar Bán ar Chúnamh Éireann agus Comhaontú Naomh Aindrias, ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne:www.dfa.ie.

Struchtúr na Roinne

Faoi threoir pholaitiúil an Aire Gnóthaí Eachtracha, riarann an tArd-Rúnaí an Roinn, agus is Oifigeach Cuntasaíochta é, freisin, don dá Vóta – Vóta 28 (Gnóthaí Eachtracha) agus Vóta 29 (Comhar Idirnáisiúnta). Faigheann an tArd-Rúnaí tacaíocht ó Choiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) ar a bhfuil Cinn phríomh-Rannáin na Roinne.

Roinntear obair na Roinne idir aon rannán déag sa cheannáras agus 76 oifig taidhleoireachta agus consalachta thar lear (ar a dtugtar na “Misin”), maraon le Rúnaíocht Idir-rialtasach na Breataine-na hÉireann i mBéal Feirste agus Comhrúnaíocht na Comhairle Airí Thuaidh-Theas in Ard Mhacha.

Rannáin an Cheannárais:

An Rannán Angla-Éireannach
An Rannán um Chaidreamh Eacnamaíochta Déthaobhach (RCGD)
An Rannán Seirbhísí Corparáideacha
An Rannán Cultúir
Stiúrthóireacht an Chomhair Fhorbartha
Rannán an Aontais Eorpaigh
An Rannán Cigireachta
An Rannán Dlí
An Rannán Consalachta agus Pasanna
An Rannán Polaitíochta
An Rannán Prótacail

An Comhshaol Eachtrach

Feidhmíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha i gcomhshaol casta atá ag síorathrú agus atá á mhúnlú ag tionchair Eorpacha agus tionchair idirnáisiúnta níos leithne. Tá baint amach na gcuspóirí ag brath, mar sin, ní ar iarrachtaí na Roinne amháin, ach ar iompraíocht Stát agus aonán eile, freisin.

De bharr castacht an chomhshaoil eachtraigh, is gá go n-úsáidfí acmhainní na Roinne ar an mbealach is fearr. Ní fheidhmímid, nó ní féidir linn feidhmiú, inár n-aonar. Oibríonn an Roinn i ndlúthchomhar le Ranna Rialtais eile a bhfuil dualgais eachtracha acu, chun cur go héifeachtach le baint amach na spriocanna a leagadh síos sa Chlár don Rialtas agus i gComhaontuithe Comhpháirtíochta comhleanúnacha.

Spriocanna Ardleibhéil, 2005-2007

Is iad spriocanna ardleibhéil na Roinne don tréimhse 2005-2007, ar a bhfuil an tuarascáil seo bunaithe don chuid is mó:

Tuaisceart Éireann agus Caidreamh Angla-Éireannach	Obair chun lánfheidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta a bhaint amach, mar aon le buanfheidhmiú a chuid foras uile, ag cothú comhoibrithe, comhthuisceana agus comheasa idir dhá thraidisiún an oileáin, idir Tuaisceart agus Deisceart Éireann, agus idir na hoileáin seo.
Ról Domhanda na hÉireann	Polasaí eachtrach na hÉireann a chur chun cinn de réir na n-idéal a chumhdaítear sa Bhunreacht agus de réir na bprionsabal i gCairt na Náisiún Aontaithe, trí chaidreamh déthaobhach a fhorbairt le Stáit eile, trínár bpáirt i gComhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh, agus trí pháirt ghníomhach phrionsabálta a ghlacadh in eagraíochtaí idirnáisiúnta.
An tAontas Eorpach	Leasanna na hÉireann a chothú agus a chosaint ag croílár an Aontais Eorpaigh de réir mar a fhabhraíonn agus a fhásann sé, lena n-áirítear trí chaidreamh a fhorbairt tuilleadh lenár gcomhpháirtithe AE reatha agus todhchaíocha.
Leasanna Eacnamaíocha agus Cultúrtha na hÉireann a chur chun cinn	Trádáil, infheistíocht agus leasanna eile na hÉireann a chothú, a cultúr san áireamh, i ndlúthchomhar le Ranna eile, gníomhaireachtaí Stáit agus an earnáil phríobháideach, á chinntiú go gcuireann gréasán mhisean taidhleoireachta agus consalachta an Stáit fíorluach breise leis an obair.
Cúnamh Éireann	Cion tairbhe substaintiúil éifeachtach a thabhairt do bhaint amach Spriocanna Forbartha na Mílaoise, do laghdú bochtaineachta agus d'fhás inmharthana i dtíortha forbraíocha, trí pholasaí agus cláir Chomhar Forbartha Éireann, agus trí oibriú ar son córas eacnamaíochta idirnáisiúnta a bheidh cóir cobhsaí.
Seirbhísí Consalachta agus Pasanna	Leasanna shaoránaigh na hÉireann thar lear a chosaint agus tacú leo, agus na naisc le daoine de shinsearacht Éireannach a chothabháil agus a neartú agus seirbhís nua-aimseartha éifeachtach pas agus consalachta a sholáthar.

2007: Achoimre ar Fhorbairtí agus ar Éachtaí

Tuaisceart Éireann agus Caidreamh Angla-Éireannach	• Toghcháin do Chomhthionól Thuaisceart Éireann. • Áirthiú tacaíocht uilepháirtí do chóras ceartais choiriúil agus póilíneachta i dTuaisceart Éireann. • Athbhunú Comhthionóil agus Feidhmeannais Thuaisceart Éireann. • Lánchruinniú na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas (NSMC) in Ard Mhaca agus 13 cruinniú NMSC ina dhiaidh sin ag leibhéal Airí. • Is príomhthéama cothrománach den Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 é comhoibriú uile-oileáin. • Cruinniu Mullaigh Chomhairle na Breataine/na hÉireann i mBéal Feirste, an Chéad Aire & Leaschéad Aire sa chathaoir. • D'óstaigh an tAire Ahern an dara Fóram Líonraithe don Athmhuintearas. • Clár Normalú Slándála Arm na Breataine i dTuaisceart Éireann tugtha chun críche. • Aitheasc an Taoisigh chuig Dhá Theach na Parlaiminte i Westminster. • Cruinnithe idir an Taoiseach agus an Chéad Aire Paisley ag Farmleigh agus ar shuíomh Chath na Bóinne.
Ról Domhanda na hÉireann	• Bhí Éire gníomhach i gcónaí ag obair ar son cur chuige láidir agus cothrom ón AE i leith na géarchéime leantaigh sa Mheán Oirthear, agus i leith cúrsaí i mBurma, san Iaráin agus sa tSiombáib a spreag ábhar imní idirnáisiúnta i rith na bliana. • Thug an tAire Ahern cuairteanna rathúla ar an Meán Oirthear (Iosrael, an Phailistín, an Éigipt agus an Liobáin) i mí Eanáir, agus ar an tSúdáin/Sead agus ar Bhosnia/Heirseagaivéin, an tSeirbia agus an Chosaiv i mí na Samhna. • Léirigh an chuairt ar an tSúdáin/Sead rannpháirtíocht láidir leantach na hÉireann in iarrachtaí chun an ghéarchéim dhaonnúil thromchúiseach i nDarfúr a réiteach, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais do chainteanna síochána faoi stiúir na Náisiún Aontaithe agus Aontas na hAfraice agus cinneadh an Rialtais suas le 450 saighdiúir a imscaradh chuig misean ESDP EUFOR i Sead/CAR. • Tiomantas breise de chuid na hÉireann do réiteach coinbhleachta, trí dhul chun cinn leantach i bhforbairt aonaid thiomanta do Réiteach Coinbhleachta laistigh den Roinn Gnóthaí Eachtracha, an cinneadh Lárionad Acadúil do Réiteach Coinbhleachta a bhunú, agus maoiniú méadaithe cuid mhór d'iarrachtaí chun coinbhleacht a réiteach sa domhan forbraíoch.

	• Tiomantas láidir leanúnach don dí-armáil agus don neamhleathadh, lena n-áirítear trí ról treorach in iarrachtaí chun idirbheartaíocht a dhéanamh ar an gcéad ionstraim reachtúil idirnáisiúnta sonrach ar chnuas-mhuinisin, a bhfuiltear ag súil go gcuirfear críoch leis ag mórchomhdháil taidhleoireachta i mBaile Átha Cliath i mBealtaine 2008.
An tAontas Eorpach	• Aontaíodh agus síníodh an Conradh Leasaithe i Liospóin ar 13 Nollaig 2007. • Achtaíodh Acht na gComhphobal Eorpach 2007 chun an bealach a thrasuítear reachtaíocht AE ina dhlí Éireannach a fheabhsú agus a nuachóiriú. • Chuir Comhairle Eorpach an Earraigh athrú aeráide agus forbairt bheartas nua fuinnimh go barr cláir oibre an AE. • Rinneadh teanga Oifigiúil agus Oibre de chuid an AE den Ghaeilge.
Leasanna Eacnmaíocha agus Cultúrtha na hÉireann á gcur chun cinn	• Tugadh tacaíocht do chuairt an Taoisigh ar an Araib Shádach agus ar UAE in Eanáir agus leanadh leis an obair i rith na bliana. • Ullmhaíodh treoirlínte beartais ar obair eacnamaíoch misean, tar éis dul i gcomhairle le cinn misin, gníomhaireachtaí stáit agus eagrais gnó. • Socraíodh oiliúint shubstainteach ar shaincheisteanna trádála d'oifigigh a bhí ag dul thar lear ar phostú i 2007. • Tacaíodh le Straitéis Áise an Rialtais trí rannpháirtíocht i nGrúpa Ardleibhéil, agus éascú naisc bhreise eacnamaíochta. • Tapaíodh an deis a thug comóradh 50 bliain de chaidreamh taidhleoireachta chun naisc eacnamaíocha, trádála agus cultúrtha leis an tSeapáin a fheabhsú. • Éascaíodh cur chun cinn oidhreacht chultúrtha éagsúil na hÉireann thar lear.
Cúnamh Éireann	• Bunaíodh Coiste Idir-Rannach Forbartha agus tionóladh trí chruinniú. • Thug Éire 0.075% dá GDP mar mhaoiniú daonnúil, an tríú leibhéal is airde ar domhan. • Cuireadh stoc-charnadh na hÉireann de sholáthairtí daonnúla in áit ag bunáit freagairtí daonnúla na Náisiún Aontaithe i mBrindisi san Iodáil agus i gCampa an Churraigh in Éirinn. • Cuireadh tús leis an earcaíocht don Chór MearFhreagartha i bhFeabhra agus tosaíodh ar imscaradh na saorálaithe aonair i Meán Fómhair. • Bunaíodh an Tascfhórsa Ocrais agus tionóladh dhá chruinniú. • Bhí rannpháirtíocht bhreise shonrach sa dá Stáit Leochaileach, Sierra Leone agus an Libéir.

Cúnamh Éireann (Ar Lean.)	• Rinneadh dul chun cinn suntasach ar dhílárú Stiúrthóireacht an Chomhair Fhorbartha go Luimneach. Faoi dheireadh 2007 bhí tulmheitheal de bhreis agus caoga ball foirne lonnaithe i Luimneach agus bhí 83% d'fhoireann na Stiúrthóireachta a bhí le bheith díláraithe, ainmnithe. • Tugadh an obair ar Lárionad Eolais agus Saorálaíochta Chúnamh Éireann chun críche rud a cheadaigh go n-osclófaí an Lárionad go hoifigiúil in Eanáir 2008. • Sheol Cúnamh Éireann a phlean straitéise cúig bliana don oideachas forbartha i Samhain 2007. • Cuireadh Páipéir Straitéise Tire nua (CSPanna) i bhfeidhm do Mhósaimbíc, an Tansáin, Uganda, Vítneam, an tSaimbia agus an Afraic Theas. • Osclaíodh Ambasáid nua sa Mhaláiv agus bhí dul chun cinn mór déanta ar bhunú clár cúnaimh dhéthaobhaigh don tír sin. • Rinneadh dul chun cinn suntasach in athstruchtúrú caidreamh Chúnamh Éireann le Cláir Mhaoinithe na Náisiún Aontaithe. • Choinnigh Cúnamh Éireann air ag tabhairt tosaíochta do leasú chóras forbartha na Náisiún Aontaithe agus chuaigh i mbun oibre go gníomhach le cláir leasaithe na Náisiún Aontaithe ar leibhéal tire i Vítneam agus sa Tansáin. • Rinneadh comhaontaithe clár ilbhliantúil don tréimhse 2007-2011 le Concern, Trócaire, Goal agus Christian Aid.
Seirbhísí Consalachta agus Pasanna	• Osclaíodh Lárionad Géarchéime tiomnaithe. • Bunaíodh Foirne Cúnamh Consalachta Géarchéime. • Soláthraíodh tacaíocht chonsalachta chuimsitheach do mhórimeachtaí spóirt thar lear. • Tugadh freagairt éifeachtach ar líon mór cásanna consalachta, lena n-áirítear breis agus 130 bás thar lear. • Rinneadh athnuachan ar an teagmháil lenár gcomhpháirtithe sna tionscail árachais, sláinte agus taistil, na Fórsaí Cosanta agus an Garda Síochána chun seirbhísí le cuidiú le saoránaigh thar lear a fhorbairt tuilleadh. • Foilsíodh Bille nua Pasanna. • Eisíodh thart ar 600,000 ríomh-phas. • Cuireadh raon breise Seirbhísí Consalachta ar fáil don phobal ó oifigí na Roinne i gCorcaigh. • Leathnaíodh maoiniú eisimirceach chun tionscadail oidhreachta, chultúrtha agus chaipitil a chur san áireamh. • Tugadh Athbhreithniú Cuimsitheach ar Bheartas agus Luach ar Airgead chun críche ar chlár tacaíochta d'eisimircigh Éireannacha.

Tuaisceart Éireann agus Caidreamh Angla-Éireannach

Sprioc Ardleibhéil, 2005-2007:

Oibriú chun forfheidhmiú iomlán Chomhaontú Aoine an Chéasta a chur i gcrích maraon le buanfheidhmiú a chuid foras uile, ag cothú comhair, comhthuisceana agus ómóis don dá thraidisiún ar an oileán, idir Tuaisceart agus Deisceart Éireann agus idir na hoileáin seo.

Athbhreithniú ar 2007

Ba bhliain í 2007 inar dearnadh dul chun cinn thar na bearta ar phróiseas na síochána ar an oileán. D'fhág comhiarrachtaí an dá Rialtais agus páirtithe polaitiúla Thuaisceart Éireann go raibh Comhaontú Naomh Aindrias i nDeireadh Fómhair 2006 mar thoradh orthu. Cuireadh príomhghnéithe an chomhaontaithe sin i bhfeidhm sa chéad ráithe de 2007, lena n-áirítear tacaíocht uilepháirtí don phóilíneacht agus toghcháin don Chomhthionól i Márta, áit ar léiríodh tacaíocht láidir do pháirtithe agus d'iarrthóirí a bhí ar thaobh an Chomhaontaithe.

Réitigh na forbairtí seo an bealach le haghaidh comhaontaithe chun Institiúidí roint na cumhachta Chomhaontú Aoine an Chéasta a athbhunú. Ar an 8 Bealtaine, athbhunaíodh Comhthionól agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann i láthair an Taoisigh agus an Phríomhaire Blair. Lean Lánchruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (NSMC) in Ard Mhacha mí Iúil seo caite, an chéad cheann le 5 bliana anuas. I ndiaidh an chruinnithe sin tháinig an NSMC le chéile ag leibhéal Aireachta ar 13 ócáid i 2007 le saincheisteanna éagsúla a phlé arbh ábhair imní dóibh araon iad i réimsí mar shláinte, oideachas, talmhaíocht agus an comhshaol. I mí Iúil freisin tionóladh Cruinniú Mullaigh Chomhairle na Breataine-na hÉireann i mBéal Feirste don chéad uair, faoi chomhchathaoirleacht an Chéad agus an Leaschéad Aire, ar fhreastal an Taoiseach agus an Príomhaire Brown air.

Ag teacht leis na forbairtí seo tharla imeachtaí suntasacha le bliain anuas arbh léiriú iad ar an gcaidreamh feabhsaithe idir an dá thraidisiún ar an oileán seo, agus idir Éire agus an Bhreatain, cruinnithe an-dearfacha idir an Taoiseach agus an Chéad Aire Paisley ag Farmleigh agus ag suíomh Chath na Bóinne, agus aitheasc stairiúil an Taoisigh os comhair Dhá Theach na Parlaiminte i Westminster.

I 2007 freisin tugadh Clár Normalú Slándála de chuid Rialtas na Breataine chun críche a d'fhág laghduithe cuimsitheacha ar líon na suiteálacha míleata agus na dtrúpaí a imscaradh i dTuaisceart Éireann, ag teacht leis an staid slándála ansin a bhí feabhsaithe go mór.

2007: Forbairtí agus Éachtaí

Athbhunú Chomhionól agus Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann

Ag tógáil ar dhul chun cinn Chomhaontuithe Aoine an Chéasta agus Naomh Aindrias agus tar éis toghcháin an Chomhthionóil i Márta 2007, athbhunaíodh na déabhlóide ar an 8 Bealtaine tráth ar cheap an Comhthionól nua Feidhmeannas cumhachtroinnte faoi cheannas an Chéad Aire Paisley agus an Leaschéad Aire McGuinness. Ó uair a athbhunaithe tá an Feidhmeannas ag tosú ar aghaidh a thabhairt ar roinnt príomhdhúshlán beartais, lena n-áirítear dréachtadh Buiséid, Clár don Rialtas agus Straitéis Infheistíochta. Ag deireadh na bliana thug an Chéad agus an Leaschéad Aire cuairt rathúil ar Nua Eabhrac agus ar Washington áit a raibh cruinniú acu le hUachtarán Bush na Stát Aontaithe.

Timpeallacht Slándála Fheabhsaithe

I 2007 baineadh éachtaí tábhachtacha amach, lena n-áirítear tacaíocht uilepháirtí d'institiúidí na póilíneachta agus an cheartais choiriúil agus ionadaíocht uilepháirtí ar Bhord na Póilíneachta agus ar Chomhpháirtíochtaí Póilíneachta Ceantair. Mar leíriú ar an timpeallacht slándála a bhí athraithe ó bhun, tugadh clár Normalú na Slándála de chuid Rialtas na Breataine chun críche, rud a chuir deireadh le feidhmíocht mhíleata na Breataine i dTuaisceart Éireann ar an 31 Iúil 2007.

Ag éirí as an bhfeabhas leanúnach ar chúrsaí slándála le blianta beag anuas, bhí Séasúr na bParáidí i 2007 síochánta ar an iomlán. Chuir comhiarrachtaí Choimisiún na bParáidí agus na hionadaithe polaitíochta agus pobail go mór leis seo.

D'eisigh an UVF agus an UDA araon ráitis ag tabhairt le fios go raibh cúl á thabhairt acu le gníomhaíocht pharaimíleata. Lean an Coimisiún Monatóireachta Neamhspleách air ag dearbhú iompú cinnititheach an IRA ar chasán na polaitíochta.

Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas agus Comhoibriú Thuaidh/Theas

Tionóladh an cúigiú lánchruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas in Ard Mhacha in Iúil 2007, Airí Rialtais agus Airí an Fheidhmeannais ag glacadh páirt i ndíospóireacht fhadréimseach a raibh gluaiseacht mhaith faoi. Ón dáta sin i leith tionóladh aon Chruinniú Earnálach déag den NSMC, ag cur comhoibriú beartais chun cinn i réimsí ar nós iompair agus oideachas, talmhaíocht agus turasóireacht. Tháinig an NSMC le chéile faoi dhó i bhFormáid Institiúide freisin, láithreán gréasáin ar shoghluaiseacht thrasteorann á sheoladh, agus ceapacháin nua do bhoird Fhoras Thuaidh/Theas.

Leag an Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 síos an bunús d'infheistíocht infrastruchtúrtha uile-oileáin i 2007, rud a mhúnlaigh na príomhchinntí seo a leanas ar glacadh leo ag cruinnithe NSMC agus idir Ranna Thuaidh agus Theas:

- Aontaíodh ranníocaíocht €580 milliún i leith uasghrádú ar an mbóthar A5 go Doire/Leitir Ceanainn ag an Lánchruinniú i mí Iúil agus tá an obair á cur chun cinn trí Chruinnithe Earnála Iompair.
- Aontaíodh ranníocaíocht €35 milliún Rialtais i leith athchóiriú ar Chanál Uladh ó Chluain Eois go Loch Éirne ag Lánchruinniú Iúil freisin, an obair le cur chun cinn trí Chruinnithe Earnálacha Uiscebhealaí an NSMC.
- Tugadh Aonmhargadh Leictreachais don oileán isteach le héifeacht ó 1 Samhain 2007, an tAire Ryan agus an tAire Dodds a chomhsheol i mBéal Feirste.
- D'fháiltigh an Tánaiste agus an tAire Robinson roimh Chlár nua SÍOCHÁNA AE III, é dírithe ar athmhuintearas a chruthú i measc pobal agus cur le sochaí i bpáirt, i Samhain 2007. Bhí maoiniú iomlán €333 milliún ag SÍOCHÁN III le dul le clár INTERREG IVA do chomhoibriú críche a raibh buiséad €256 milliún aige.

- Rinneadh dul chun cinn freisin ar an obair ar an bhFóram Comhairleach Thuaidh/Theas agus ar an bhFóram Parlaiminte Thuaidh/Theas, ag teacht leis an mandáid a tugadh ag an Lánchruinniú NSMC i mí Iúil.
- Cuireadh tús leis an obair ar an Athbhreithniú ar Fhorais Fhorfheidhmithe Thuaidh/Theas agus Réimsí Comhoibrithe mar a fhoráladh i gComhaontú Naomh Aindrias.

Comhairle na Breataine-na hÉireann agus Comhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann

Choinnigh an Roinn uirthi ag tabhairt tacaíochta d'obair **Chomhairle na Breataine-na hÉireann** (BIC) agus á forbairt le linn 2007. Phléigh cruinniú ag leibhéal Mullaigh i mBéal Feirste ar 16 Iúil 2007 (an chéad cheann ó athbhunaíodh rialtas déabhlóide) treo straitéiseach an BIC féin, mar aon le dul chun cinn i réimsí oibre Iompair, Mí-úsáid Drugaí, Timpeallacht, Ríomhshláinte, Turasóireacht, Eacnamaíocht an Eolais, Teangacha Neamhfhorleathana, Dúchais/Mionlaigh, Cuimsiú Sóisialta agus Déimeagrafaíocht.

Tionóladh cruinniú de Chomhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann (BIIGC) i bhFeabhra 2007. Rinne an cruinniú, faoi chomchathaoirleacht an Aire Ahern agus Rúnaí Stáit Thuaisceart Éireann, athbhreithniú ar an dul chun cinn ar fhorfheidhmiú Chomhaontú Naomh Aindrias agus rinne measúnú ar chúrsaí slándála agus polaitíochta i dTuaisceart Éireann.

An tAthmhuintearas á Chur Chun Cinn

Lean an Roinn de bheith ag cur tacaíochta ar fáil d'obair luachmhar athmhuintearais ghrúpaí trasphobail agus eagraíochtaí. I 2007 bronnadh maoiniú sa bhreis ar €2.7 milliún ar 103 grúpa a bhí páirteach i dtionscnaimh athmhuintearais ar fud oiléan na hÉireann.

Tionóladh an dara Fóram Líonraithe Athmhuintearais bliantúil san Ospidéal Ríoga i gCill Mhaighneáin ar an 19 Aibreán 2007, rud a thug seans d'eagraíochtaí éagsúla, lena n-áiritear iad siud a fuair maoiniú cheana ón gCiste Athmhuintearais, a bheith ag caidreamh le chéile agus taithí a roinnt maidir le hobair a dhéanamh sa réimse seo.

Sholáthraigh an **Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn (IFI)** tacaíocht airgid a raibh géarghá léi do ghníomhaíochtaí athmhuintearais ar fud Thuaisceart Éireann agus na sé chontae cois teorann. A bhuíochas do thacaíocht leanúnach an Aontais Eorpaigh, Riarachán na Stát Aontaithe agus rialtais Cheanada, na hAstráile agus na Nua Shéalainne bhí an IFI in ann (thart ar) €23m a chur ar fáil do raon éagsúil tionscadal faoina straitéis "Sharing this Space".

Aghaidh a thabhairt ar Oidhreacht na Coinbhleachta

I Meitheamh 2007, d'fháiltigh an Rialtas roimh fhógra Rialtas na Breataine faoi bhunú grúpa comhairleach neamhspleách chun comhdhearcadh a lorg in measc an phobail i dTuaisceart Éireann faoin gcaoi ab fhearr chun déileáil le hoidhreacht an ama atá caite.

Lean an Roinn uirthi ag spreagadh obair na bhfiosrúchán éagsúla a mhol an Breitheamh Cory, agus ag comhoibriú leo.

Ról Domhanda na hÉireann

Sprioc Ardleibhéil, 2005-2007:

Beartas eachtrach na hÉireann a shaothrú de réir na n-idéal a chumhdaítear sa Bhunreacht agus í gcomhréir le prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe, trí fhorbairt a dhéanamh ar ár gcaidreamh déthaobhach le Stáit eile, ár rannpháirtíocht i gComhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh agus ár rannpháirtíocht ghníomhach phrionsabálta in eagraíochtaí idirnáisiúnta.

Athbhreithniú ar 2007

Choinnigh an Roinn uirthi ag tacú le hiarrachtaí an Rialtais an sprioc thuasluaite a bhaint amach, trí rannpháirtíocht ghníomhach i ngach gné de Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an AE (CFSP), ár mballraíocht thiomanta sna Náisiúin Aontaithe agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta eile, agus trínár gcaidreamh polaitiúil déthaobhach le Stáit eile a fhorbairt.

Bhí an obair seo mar bhonn le hionchur gníomhach na hÉireann i raon saincheisteanna idirnáisiúnta i rith na bliana, lena n-áirítear:

- Tacaíocht do na Náisiúin Aontaithe neartaithe agus leasaithe a bhfuil ar a gcumas an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chothú, aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna daonnúla, agus freagairt do dhúshláin nua dhomhanda mar athrú aeráide;
- ceist stádais críochnaithigh don Chosaiv;
- ceist núicléach na hIaráine;
- an chomhpháirtíocht idir an AE agus an Afraic a neartú;
- caidreamh an AE le páirtnéirí straitéiseacha tábhachtacha mar an Rúis, an tSín, an India agus Meiriceá Laidneach a fhorbairt;
- glacadh luath leis an gcomhaontú idirnáisiúnta is láidre agus is féidir ar chosc ar chnuas-mhuinisin a spreagadh; agus,
- iarrachtaí chun cearta daonna agus an daonlathas a chur chun cinn go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear i stáit mar Bhurma, an tSiombáib agus an Bhealarúis.

Bhí áird mhór idirnáisiúnta dírithe i gcónaí ar ghéarchéimeanna idirnasctha an Mheán Oirthir agus an ghéarchéim chasta pholaitiúil agus dhaonnúil i nDarfúr. Lean Éire lena hobair ghníomhach ar an dá shaincheist seo, lena n-áirítear trí chuairt rathúil an Aire Gnóthaí Eachtracha ar an Meán Oirthear in Eanáir, tacaíocht airgeadais bhreise don athchóiriú sa Liobáin agus, ag éirí as comhdháil shíochána Annapolis i Samhain, cúnamh airgeadais ilbhliantúil a bhí méadaithe go mór ó Éirinn go dtí na hInstitiúidí Pailistíneacha. Thug an tAire Ahern cuairt freisin ar Shead agus ar an tSúdáin, áit ar fhógair sé maoiniú méadaithe do Phróiseas Síochána Dharfúr agus thug cur síos do rialtais an dá thír ar chinneadh na hÉireann páirt a ghlacadh i misean an AE go Sead/CAR, mar aitheantas ar an diminsean réigiúnach de ghéarchéim Darfúr, diminsean atá ag fás.

2007: Forbairtí agus Éachtaí

An Afraic

Bhí ról gníomhach leanúnach ag Éirinn sna géarchéimeanna daonnúla agus polaitiúla is práinní ar ilchríoch na hAfraice, aird ar leith á thabhairt orthu sin i nDarfúr agus sa tSiombáib. Thug an tAire Ahern cuairt ar an tSúdáin agus ar Shead i Samhain 2007 áit ar thug sé teachtaireachtaí soiléir do Rialtas na Súdáine faoin ngá a bhí lena lánchomhoibriú chun rochtain dhaonnúil agus imscaradh misean UNAMID (Misean Aontas na hAfraice-na Náisiun Aontaithe i nDarfúr) a éascú. Bhuail an tAire Ahern freisin le ceannairí Sead i N'Djamena agus thug cuairt ar champaí dídeanaithe in oirthear Sead.

Mar aitheantas ar an diminsean réigiúnach a bhaineann leis an ngéarchéim i nDarfúr, diminsean atá ag dul i méid, shocraigh an Rialtas i Samhain 2007 go nglacfadh 450 saighdiúir Éireannach páirt i misean an AE atá á imscaradh go Sead/Poblacht na hAfraice Láir (CAR). Is é an Maor-Ghinearál Pat Nash ó na Buanfhórsaí Cosanta atá mar Cheannasaí Oibríochtaí ar EUFOR SEAD/CAR.

Bhí an Taoiseach agus an tAire Stáit um Chúnamh Forbartha i láthair thar ceann na hÉireann ag dara Cruinniú Mullaigh AE-na hAfraice i Liospóin i mí na Nollaig áit ar glacadh le Comhphlean Gnímh agus Straitéise AE-na hAfraice. Sholáthraigh an Cruinniú Mullaigh deis freisin don AE a imní soiléir a chur in iúl do cheannairí Afraiceacha, agus i láthair an Uachtaráin Mugabe, maidir leis an ngéarchéim dhaonnúil agus pholaitiúil thromchúiseach sa tSiombáib.

An Meán-Oirthear

Cé go raibh cúrsaí sna Críocha faoi Fhorghabháil deacair i gcónaí, go háirithe tar éis do Hamas seilbh a ghlacadh ar Gaza i mí an Mheithimh, rinneadh dul chun cinn polaitiúil suntasach i 2007, leis an gcomhaontú in Annapolis chun tús a chur leis an idirbheartaíocht ar na saincheisteanna stádais deiridh agus é mar sprioc í a thabhairt chun críche faoi dheireadh 2008.

D'fhreagair Éire go gníomhach do na himeachtaí seo ar bhealach praiticiúil agus cuiditheach trí:

1) Phlé polaitiúil a dhéanamh le ceannairí in Iosrael, sa Phailistín, san Éigipt agus sa Liobáin. Le linn a chuairte ar an réigiún i mí Eanáir, rinne an tAire Ahern cur síos ar an ról atá ag an Rialatas, go díreach agus i gcomhair lenár gcomhpháirtithe san AE, chun síocháin chóir agus buan a chothú sa réigiún.

2) Obair a dhéanamh chun a chinntiú gur chothaigh an AE a thacaíocht airgeadais do mhuintir na Pailistíne. Ag Comhdháil Deontóirí i bPáras ar an 17 Nollaig gheall Éire cion ilbhliantúil suntasach €40 milliún a chur ar fáil.

3) Tacaíocht a thabhairt don daonlathas agus don aontacht náisiúnta laistigh den Liobáin agus a flaitheas a neartú laistigh den réigiún. Chuir Éire €2 milliún i ngeall chun tacú le hiarrachtaí athchóirithe, rud a thug maoiniú daonnúil iomlán na hÉireann don Liobáin go €5 milliún. Choinnigh Éire a meitheal 150 duine i misean neartaithe UNIFIL sa Liobáin freisin sa tréimhse go Meán Fómhair 2007.

An Áise

Sheas Éire le seasamh tosaigh ar an staid thromchúiseach cearta daonna i **mBurma**, go háirithe tar éis cur faoi chois brúidiúil na léirsithe ar son an daonlathais i Meán Fómhair, agus d'éirigh léi agus í ag éileamh go nglacfaí le bearta láidre AE. Rinne an tAire Ahern cur síos ar ábhair imní na hÉireann ina aitheasc do Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i nDeireadh Fómhair. Ardaíodh an

ceist go déthaobhach freisin ag an leibhéal Aireachta agus ag leibhéal oifigiúil leis an tSín, an India agus baill stáit ASEAN.

D'áitigh Éire go gcuirfí dlús le hiarrachtaí chun an daonlathas agus an t-aistriú go dtí an riail shibhialtach sa Phacastáin a neartú, tar éis don Uachtarán Musharraf Staid Éigeandála a chur i bhfeidhm i Samhain, agus feallmharú cheannaire an fhreasúra sa Phacastáin, Benazir Bhutto i mí na Nollag.

Na Balcáin Thiar

Bhí saincheist leochailleach, dheacair stádais dheiridh na Cosaive go hard i gcónaí ar an gclár idirnáisiúnta le linn 2007. D'fháiltigh Éire roimh an Moladh Cuimsitheach a chuir Toscaire Speisialta Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, Martti Ahtisaari, faoi bhráid Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe i mí an Mhárta. Ach níor éirigh le dian-iarrachtaí laistigh de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe chun comhaontú a fháil ar Rún nua bunaithe ar mholtaí Ahtisaari. Aontaíodh in Iúil go ndéanfadh Troika idirnáisiúnta ceithre mhí de chainteanna breise idir an dá thaobh a éascú. Thacaigh Éire go láidir le tionscnamh an Troika ach ar an drochuair ní raibh aon rath ar na cainteanna seo a tugadh chun críche i mí na Nollag.

Le linn cuairt an Aire ar na Balcáin i Samhain, bhuail sé le ceannairí polaitiúla sa tSeirbia agus sa Chosaiv araon agus d'áitigh sé ar an dá thaobh staonadh ó ghníomhaíochtaí nó ó ráitis ar bith a d'fhéadfadh díchobhsú a dhéanamh ar chúrsaí slándála sa réigiún.

Tá Éire, mar aon lena comhpháirtithe san Aontas Eorpach agus sa phobal idirnáisiúnta, tiomanta i gcónaí dá ról iomlán a ghlacadh sna hiarrachtaí chun an saincheist thábhachtach Eorpach seo a réiteach. I Lúnasa 2007, neartaigh Éire a cion tairbhe do KFOR, láithreacht mhíleata idirnáisiúnta faoi shainordú na Náisiún Aontaithe sa Chosaiv, í ag glacadh ról an Náisiúin Chreata (Threoraigh) sa Tascfhórsa Ilnáisiúnach sa Chosaiv. Ina theannta seo deimhníodh go gcuirfimís comhaltaí an Gharda Síochána ar fáil don Mhisean ESDP a bhí beartaithe don Chosaiv i 2008.

Cearta Daonna

Lean Éire de bheith gníomhach i gcosaint chearta daonna laistigh de na Náisiúin Aontaithe agus de Chomhairle na hEorpa. Ar na gníomhaíochtaí i 2007 áirítear tuarascálacha ar Éirinn ón gCoimisiún Eorpach in aghaidh Chiníochais agus Éadulaingthe agus ón gCoiste chun Céasadh a Chosc.

Thug Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta Daonna, Thomas Hammerberg, cuairt ar Éirinn i Samhain chun athbhreithniú a dhéanamh ar thiomantais chearta daonna na hÉireann. Bhuail an Coimisinéir leis an Taoiseach, leis an Aire mar aon le comhaltaí eile den Rialtas. Thug Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta Daonna, Louise Arbour, cuairt ar Éirinn freisin i Samhain.

Bhí ról gníomhach ag Éirinn i gcónaí ar Chomhairle Chearta Daonna na Náisiún Aontaithe sa Ghinéiv, go háirithe ag obair le comhpháirtithe AE chun comhthorthaí ar Dharfúr agus ar thionól Seisiúin Speisialta ar Bhurma a chinntiú.

Ag éirí as comhaontú ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine Faoi Mhíbhuntáistí i 2006, bhí Éire ar cheann de 22 Ballstát an AE a shínigh an Coinbhinsiún ar an lá a osclaíodh é le haghaidh sínithe. Shínigh Éire an Coinbhinsiún um Dhul ar Iarraidh Sáirsingithe agus an Prótacal Roghnach don Choinbhinsiún in aghaidh Chéasta i 2007 freisin agus cuireadh an Tríú Tuarascáil de chuid na hÉireann faoin gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Polaitiúla agus Sibhialta i láthair. I Meitheamh 2007 d'eagraigh an Roinn Fóram d'Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (NGO) ar Chearta Daonna ar éirigh go han-mhaith leis, inar thug Iar-Uachtarán Mheiriceá, Jimmy Carter, an príomhaitheasc.

Na Náisiúin Aontaithe

Bhí dlúthpháirt ag Éirinn i raon iomlán saincheisteanna na Náisiún Aontaithe i 2007 agus lean dár dtiomantas d'athchóiriú na Náisiún Aontaithe. Tugadh tuilleadh aitheantais don tiomantas seo d'athchóiriú na Náisiún Aontaithe nuair a cheap an tAmbasadóir Srgian Kerim, Uachtarán an Chomhthionóil Ghinearálta, Paul Kavanagh, Buanionadaí na hÉireann do na Náisiúin Aontaithe, mar Chomhchathaoirleach do Chomhtháthú ar fud an Chórais i gComhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe.

Dí-armáil agus Neamhiomadú

Bhí Éire ar thús cadhnaíochta sa chroíghrúpa de thíortha a bhí ag brú "Próiseas Oslo" chun cinn, próiseas a seoladh go luath i 2007 agus é d'aidhm aige an chéad ionstraim dhlíthiúil idirnáisiúnta shonrach ar chnuas-mhuinisin a chaibidliú. Cuireadh tús leis na hullmhúcháin do Chomhdháil Thaidhleoireachta Bhaile Átha Cliath do Choinbhinsiún ar Chnuas-mhuinisin a thionólfar i mBealtaine 2008.

Idir an dá linn leanadh le hobair réamhullmhúcháin dírithe ar thoradh dearfach ar Chomhdháil Athbhreithnithe 2010 ar an gConradh in Aghaidh Iomadú Núicléach a bhaint amach. Bhí Éire sa chathaoir i gComhghuaillíocht an Chlár Oibre Nua le linn an chéad leath den bhliain, lena n-áirítear le linn cruinniú de Choiste Réamhullmhúcháin NPT i Vín.

Bhí Éire ar cheann de suas le 100 tír a chuir aighneachtaí faoi bhráid Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe maidir leis an ngá atá le Conradh Thrádáil Arm.

Réiteach Coinbhleachta

Rinneadh dul chun cinn ar chlár oibre a fhorbairt don Aonad um Réiteach Coinbhleachta (CRU) a bunaíodh laistigh den Roinn, agus ar fhorbairt raon leathan teagmhálacha idirnáisiúnta luachmhara. Reáchtáladh an chéad mhisean allamuigh go Timor Leste. Ag teacht le tiomantais sa Chlár don Rialtas tá pleananna á bhforbairt ag CRU do bhunú Lárionad Acadúil do Réiteach Coinbhleachta agus cruthú Ciste Cobhsaíochta in aghaidh na bliana chun tacú le gafacht mhéadaithe na hÉireann i ngníomhaíochtaí um réiteach coinbhleacha sa domhan forbraíoch.

Slándáil agus Cosaint Idirnáisiúnta

Lean an Roinn dá ról gníomhach agus cuiditheach i bhforbairt beartais ar chúrsaí slándála agus cosanta idirnaísiúnta, i ndlúthchomhar leis an Roinn Cosanta. Chuimsigh an obair seo comhordú ar rannpháirtíocht agus tacaíocht na hÉireann i leith na misean a thagann faoi chreat **Bheartas Slándála agus Cosanta na hEorpa** (ESDP).

Ón 1 Eanáir 2007 bhí lánacmhainneacht oibríochtúil bainte amach ag Cathghrúpaí an AE, a chuireann acmhainn mhearfhreagartha do mhisin bhainistíocht ghéarchéime éigeandála ar fáil. In Aibreán ghlac an Dáil le rún ag faomhadh rannpháirtíocht na hÉireann i gCathghrúpa Nordach an AE. Leanadh leis na hullmhúcháin dár rannpháirtíocht leis an gCathghrúpa i rith na bliana atá ceaptha a bheith ar fuireachas sa chéad leath de 2008.

Lean an tAire Gnóthaí Eachtracha air ag cur diúltú iomlán soiléir na hÉireann do chleachtas an tSeachadaidh Urghnách in iúl, lena n-áirítear freagairtí ar thuarascálacha ó Pharlaimint na hEorpa agus ó Choimisiún Cearta Daonna na hÉireann. Chuir an tAire in iúl go soiléir freisin go bhfuil an Rialtas ag iarraidh dul i bpáirt leis an AE agus le comhpháirtithe eile chun a chinntiú nach dtarlaíonn an cleachtas seo, éileamh ar athbhreithniú ar ghnéithe den eitlíocht shibhialta idirnáisiúnta san áireamh.

An tAontas Eorpach

Sprioc Ardleibhéil, 2005-2007:

Leasanna na hÉireann a chothú agus a chosaint ag croílár an Aontais Eorpaigh, de réir mar a leanann sé air ag fabhrú agus ag méadú, lena n-áirítear trí bhreisfhorbairt a dhéanamh ar an gcaidrimh lenár gcomhpháirtithe reatha agus todhchaíocha san AE.

Athbhreithniú ar 2007

Bhí Rannán an Aontais Eorpaigh (AE) sa Roinn ag obair go dlúth i gcónaí le Ranna Rialtais eile chun freagairt straitéiseach chomhordaithe a chinntiú ar raon leathan saincheisteanna de chuid an AE ar mhaithe le cuspóirí na hÉireann.

Chuaigh an Bhulgáir agus an Román isteach san Aontas Eorpach ar 1 Eanáir 2007. Lean an chaibidlíocht aontachais leis an gCróit agus leis an Tuirc.

Shínigh Ceannairí Stáit agus Rialtais an AE an Conradh Leasaithe ag searmanas i Liospóin ar 13 Nollaig 2007. Shínigh an Taoiseach agus an tAire Gnóthaí Eachtracha thar ceann na hÉireann.

Tháinig ceannairí an AE ar chomhaontú maidir le spriocanna ar fud an AE d'astuithe agus d'fhuinneamh inathnuaite ag Comhairle Earraigh na hEorpa i Márta 2007. Fágann na spriocanna seo atá leagtha síos do 2020, go bhfuil an AE tiomanta do na hastuithe a ghearradh siar 20% ar a laghad ó leibhéil 1990 agus do 20% den fhuinneamh a fháil ó fhoinsí inathnuaite.

Achtaíodh Acht na gComhphobal Eorpach 2007 chun an bealach a thrasuítear reachtaíocht AE ina dhlí Éireannach a fheabhsú agus a nuachóiriú de thoradh cinntí na Cúirte Uachtaraí i gcásanna Browne agus Kennedy.

2007: Forbairtí agus Éachtaí

An Conradh Leasaithe

Shínigh fiche is a seacht Ceannaire Stáit agus Rialtais an AE an Conradh Leasaithe ag searmanas i Liospóin ar 13 Nollaig 2007. Shínigh an Taoiseach agus an tAire Gnóthaí Eachtracha thar ceann na hÉireann. Bhí an tAire um Ghnóthaí Eorpacha i láthair ag an searmanas freisin.

Tá an Conradh Leasaithe ceaptha an tAontas Eorpach a chur i mbun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí agus níos daonlathaí sa chaoi gur féidir leis freastal níos fearr ar leasanna mhuintir na hEorpa. Freagraíonn sé do riachtanais Aontas Eorpach an lae inniu a bhfuil ballraíocht mhéadaithe aige. Rinneadh caibidlíocht ar an gConradh Leasaithe tar éis gur theip ar dhaingniú Bhunreacht na hEorpa a aontaíodh i 2004. Tagann cuid mhór de bhunús an Chonartha Leasaithe ó Bhunreacht na hEorpa a chaibidlíodh faoi Uachtaránacht na hÉireann den AE i 2004, ach séard atá ann ná sraith leasaithe ar na Conarthaí Eorpacha atá ann cheana.

Cuairteanna

Bhí roinnt cuairteanna tábhachtacha isteach agus amach as an tír le linn 2007 a neartaigh agus a chuir le caidreamh na hÉireann le príomh-chomhpháirtithe AE.

Thug an Taoiseach cuairt ar an bhFrainc le haghaidh cainteanna leis an Uachtarán nua, Nicolas Sarkozy, a athdheimhnigh ár gcomhpháirtíocht dhlúth leis an bhFrainc ar shaincheisteanna leasa ríthábhachtaí, go háirithe cosaint ar thalmhaíocht na hÉireann.

Bhuail an tAire Gnóthaí Eachtracha le Rúnaí Gnóthaí Eachtracha nua na Breataine, David Miliband, chun plé substainteach a dhéanamh ar réimsí de bheartais leasa choitinn AE d'Éirinn agus don Ríocht Aontaithe.

An Ghaeilge san AE

Rinneadh teanga Oifigiúil agus Oibre de chuid an AE den Ghaeilge ar 1 Eanáir 2007.

D'oibrigh an Roinn, i ndlúthchomhar leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, go dlúth leis na Forais Eorpacha chun iad a chumasú le hacmhainn aistriúchán agus ateangaireacht na Gaeilge a chur i bhfeidhm i bpríomhréimsí pearsanra.

Acht na gComhphobal Eorpach 2007

Achtaíodh Acht na gComhphobal Eorpach 2007 chun an bealach a thrasuítear reachtaíocht AE ina dhlí Éireannach a fheabhsú agus a nuachóiriú, ag eascairt as cinntí na Cúirte Uachtaraí maidir le cásanna Browne agus Kennedy. Bhain na cásanna sin le reachtaíocht thánaisteach a bheith á húsáid ag an Stát mar mheicníocht le héifeacht a thabhairt do dhlí agus do bheartas CE i ndlí intíre.

Chinn an Chúirt Uachtarach nach féidir le hionstraim reachtúil éifeacht a thabhairt do dhlí CE go bailí ach nuair a fhorálann an tOireachtas lena aghaidh seo go sonrach sa reachtaíocht phríomhúil. D'fhág na cinntí seo go raibh ar an Stát leasú a dhéanamh ar an mbealach a thrasuítear dlí CE ina dhlí intíre trí reachtaíocht thánaisteach.

Athrú Aeráide agus Fuinneamh Inathnuaite

Tá an AE tiomanta do spriocanna aontaobhacha d'astuithe agus d'fhuinneamh inathnuaite i 2007, spriocanna a aontaíodh ag Comhairle Earraigh na hEorpa agus atá le baint amach faoi 2020. Chuir an AE roimhe íos-sprioc aontaobhach ciorruithe 20% ar a laghad ar astuithe gáis cheaptha teasa faoi 2020, ó leibhéil 1990, agus tairiscint chaibidlíochta de suas le 30% faoin tréimhse chéanna i gcomhthéacs tiomantais chothrománacha ag náisiúin fhorbartha eile, mar aon le tiomantas 20% den fhuinneamh a úsáidtear a fháil ó fhoinsí inathnuaite, agus sprioc 10% de bhithbhreoslaí faoin spriocdháta 2020.

Méadú

Ar an 1 Eanáir 2007, chuaigh an Bhulgáir agus an Rómáin isteach san Aontas Eorpach. I rith 2007 lean an chaibidlíocht faoin aontachas leis an gCróit agus leis an Tuirc. Osclaíodh aon chaibidil chaibidlíochta déag eile leis an gCróit agus cúig cinn leis an Tuirc.

Lean an Roinn ag cur oiliúint agus cuidiú ar fáil do Bhallstáit nua an AE agus do thíortha is iarrthóirí trína Clár Cúnaimh Dhéthaobhaigh.

Faisnéisiú Rialta don Oireachtas

Ar feadh na bliana thug an tAire Gnóthaí Eachtracha agus an tAire Stáit um Ghnóthaí na hEorpa faisnéisiú do Chomhchoiste an Oireachtais um Ghnóthaí na hEorpa, roimh chruinnithe den Chomhairle Gnóthaí Ginearálta agus Caidrimh Eachtraigh (GAERC), agus chuir siad tuairiscí rialta ar fáil faoi ghnó an AE.

Cur Chun Cinn Leasanna Geilleagracha agus Cultúrtha na hÉireann

Sprioc Ardleibhéil, 2005-2007:

Trádáil, infheistíocht agus leasanna eile na hÉireann, lena n-áirítear a cultúr, a chothú i ndlúthchomhar le Ranna eile, le Gníomhaireachtaí Stáit agus leis an earnáil phríobháideach, á chinntiú go gcuireann líonra misean taidhleoireachta agus consalachta an Stáit fíorluach leis an obair seo.

Athbhreithniú ar 2007

D'oibrigh Rannán na Roinne um Chaidreamh Eacnamaíoch Déthaobhach (BERD) go dlúth le Ranna eile agus le Gníomhaireachtaí Stáit chun leasanna eacnamaiocha na hÉireann a chothú thar lear lena n-áirítear trí acmhainn trádála cuairteanna thar lear a thug an tUachtarán, an Taoiseach, an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Airí eile, a chothú agus trí chuairteanna ardleibhéil isteach.

D'uasmhéadaigh an Roinn acmhainn ár nAmbasáidí agus ár gConsalachtaí chun fíorluach a chur le réimse na dtuilleamh coigríche trí shraith treoirlínte beartais a ullmhú ar obair eacnamaíoch misean. Chuir sraith cruinnithe le ceannairí misean, gníomhaireachtaí stáit agus forais ghnó leis an obair seo. Shocraigh an Roinn freisin go mbeadh oiliúint speisialaithe ar shaincheisteanna eacnamaíocha agus trádála ar fáil d'oifigigh a bhí ag dul thar lear i 2007.

Bhí Straitéis Áise an Rialtais mar thosaíocht i gcónaí ag an Roinn, lena n-áirítear trí bheith rannpháirteach i gcruinnithe Grúpa Ardleibhéil, agus trí chuairteanna ardleibhéil chuig agus ón réigiún a chomhordú. Thapaigh an Roinn an deis a thug comóradh 50 bliain de chaidreamh taidhleoireachta leis an gcaidreamh trádála agus eacnamaíochta déthaobhaigh leis an tSeapáin a fheabhsú, lena n-áirítear trí chuairt an Aire ar Tokyo i Samhain a eagrú. Lean an Roinn le fobairt chaidrimh eacnamaíochta le Stáit na Murascaille ar bhealach straitéiseach agus bhí i mbun gníomhaíochta leantaí tar éis chuairt an Taoisigh chuig réigiún na Murascaille i mí Eanáir, lena n-áirítear trí 9 gcuairt chun na tíre seo ón réigiún sin a éascú.

D'oibrigh Rannán Cultúir na Roinne go dlúth leis an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, Cultúr Éireann agus Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí eile chun feabhsú íomhá na hÉireann thar lear a optamú trí raon imeachtaí cultúrtha a eagrú.

2007: Forbairtí agus Éachtaí

Cuairteanna

D'oibrigh an Roinn go dlúth le ranna rialtais eile, gníomhaireachtaí stáit agus geallsealbhóirí iomchuí eile chun leasanna eacnamaíocha na hÉireann thar lear a chur chun cinn. Áirítear acmhainneacht eacnamaíoch agus trádála chuairteanna an Uachtaráin, an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Airí eile thar lear, agus cuairteanna ardleibhéil isteach. Thug an 34 cuairt thar lear do Lá Fhéile Pádraig a rinne Airí Rialtais, a ndearna an Roinn comhordú orthu, mórdheis chun Éire a chothú agus ár leasanna eacnamaíocha a chur chun cinn.

Treoirlínte agus Oiliúint do Mhisin

Táirgeadh agus scaipeadh treoirlínte beartais ar obair eacnamaíoch Misean féachaint lena chinntiú gur chuir Ambasáidí agus Consalachtaí fíorluach le cuspóirí eacnamaíocha na Roinne. Tharla sé seo tar éis sraith comhairliúchán le grúpa ardleibhéil cinn misean, chomh maith le gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí gnó. Chun léiriú praiticiúil a thabhairt don chur chuige a ndearnadh cur síos air sna treoirlínte, reáchtáladh sraith cruinnithe fo-réigiúnacha i gCríoch Lochlann, an Áise Thoir-Theas, Benelux, na Stáit Aontaithe agus an tSín.

Shocraigh an Roinn freisin go gcuirfí oiliúint ar chúrsaí a bhain leis an trádáil ar fáil d'oifigigh a bhí ag dul thar lear i 2007. Áiríodh san oiliúint, a chuir IMI/TCD ar fáil, seimineáir ar infheistíocht dhíreach choigríche, méadú ar onnmhairithe, an t-iomaíochas, ról na ngníomhaireachtaí stáit, agus earnálacha a bhfuil tábhacht eacnamaíoch leo d'Éirinn. Ina theannta seo cuireadh feabhas ar cháilíocht ábhair chothaithe agus fhaisnéisithe a soláthraíodh do mhisin thar lear.

Straitéis na hÁise

Bhí Straitéis Áise an Rialtais ina thosaíocht leanúnach ag an Roinn a fhéachann leis na leibhéil idirghníomhaíochta a bhaineann le polaitíocht, gnó agus eile a threisiú i dtíortha tosaíochta san Áise. Is sa chomhthéacs seo a chomhordaigh an Roinn roinnt cuairteanna ardleibhéil chuig an Áise, lena n-áirítear cuairt an Uachtaráin ar an Nua Shéalainn i nDeireadh Fómhair, agus a d'éascaigh sí líon suntasach cuairteanna ardleibhéil isteach.

Thapaigh an Roinn an deis a thug comóradh 50 bliain de chaidreamh taidhleoireachta leis an gcaidreamh trádála agus eacnamaíoch leis an tSeapáin a fheabhsú, lena n-áirítear trí comhairliúcháin eacnmaíochta dhéthaobhacha a thionól in Iúl agus trí chuairt an Aire ar Tokyo i Samhain a eagrú. Ceiliúradh an Comóradh freisin trí chlár cultúrtha déthaobhach leathan.

Stáit na Murascaille

Thug an Roinn athbhreithniú straitéiseach ar chaidreamh eacnamaíoch le Stáit na Murascaille chun críche. Chomhordaigh sí cuairt an Taoisigh ar an Araib Shádach agus ar Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (UAE) i mí Eanáir, agus, go leantach, d'éascaigh sí 9 gcuairt isteach ón réigiún , ghlac páirt sa 7ú seisiún den Chomhchoimisiún Eacnamaíochta leis an Araib Shádach agus chuir an obair ar chomhaontaithe i roinnt réimsí chun cinn.

Mairteoil na hÉireann

Lean an Roinn, i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Iascaigh agus misin thar lear, le hiarrachtaí chun margaí idirnáisiúnta a athoscailt do mhairteoil na hÉireann: sa bhfómhar athosclaíodh margaí san Araib Shádach agus san Afraic Theas do mhairteoil na hÉireann.

Cúnamh Éireann

Sprioc Ardleibhéil, 2005-2007:

Cion tairbhe substaintiúil éifeachtach a thabhairt d'aimsiú Spriocanna Forbartha na Mílaoise, do laghdú bochtaineachta agus d'fhorbairt inbhuanaithe i dtíortha forbraíocha, trí bheartas agus chláir Chomhar Forbartha Éireann, agus trí shaothrú ar son córais eacnamaíochta atá cóir, cobhsaí agus idirnáisiúnta.

Athbhreithniú ar 2007

I 2007 bunaíodh Coiste Idir-Rannach don Fhorbairt chun comhtháthú a neartú i gcur chuige an Rialtais i leith forbartha, agus Tascfhórsa an Ocrais, mar a raibh cur síos air sa Pháipéar Bán ar Fhorbairt 2006.

I 2007, thug Éire 0.075% dá hOlltáirgeacht Intíre (GDP) mar mhaoiniú daonnúil, an tríú leibhéal is airde ar domhan.

Cuireadh Páipéir Straitéise Tíre nua (CSPanna) do Mhósaimbíc, an Tansáin, Uganda, Vítneam, an tSaimbia agus an Afraic Theas i bhfeidhm. Cuireann na páipéir straitéise seo an creatoibre do thacaíocht Chúnamh Éireann ar fáil agus tugann mionsonrú faoin gcaoi ar chóir an cúnamh a dhíriú.

Tar éis tiomantais sa Pháipéar Bán go raibh an Mhaláiv le bheith ina naoú tír comhpháirtí ag Éirinn, d'fhaomhaigh Rialtas na hÉireann oscailt Ambasáide nua agus bunú clár cúnaimh dhéthaobhaigh i 2007. Osclaíodh Ambasáid na hÉireann i Lilongwe i Samhain 2007.

Rinneadh dul chun cinn suntasach in athstruchtúrú chaidreamh Chúnamh Éireann le Cláir Chistí na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

Thug Cúnamh Éireann tosaíocht i gcónaí do leasú chóras forbartha na Náisiún Aontaithe agus bhí baint ghníomhach aige le cláir leasaithe na Náisiún Aontaithe ar leibhéal tíre i Vítneam agus sa Tansáin.

Tugadh comhaontaithe clár ilbhliantúil chun críche don tréimhse 2007 go 2011 ar an gcaoi seo, Concern (€148m), Trócaire (€116m), Goal (€100m) agus Christian Aid (€17m).

Tugadh an obair ar Lárionad Eolais agus Saorálaíochta Chúnamh Éireann chun críche rud a d'fhág gur osclaíodh an Lárionad go hoifigiúil in Eanáir 2008.

2007: Forbairtí agus Éachtaí

I 2007, thug Éire 0.075% dá holltáirgeadh intíre (GDP) mar mhaoiniú daonnúil, an tríú leibhéal is airde ar domhan. Tugadh réamhshuíomh do sholáthairtí daonnúla na hÉireann, lena n-áirítear foscadh agus tithíocht riachtanach, trealamh uisce agus slántachais ag Íosta um Fhreagairt Dhaonnúil na Náisiún Aontaithe i mBrindisi na hIodáile, agus ag Campa an Churraigh in Éirinn faoi lár 2007. Thug an tAire Gnóthaí Eachtracha agus an tAire Stáit um Fhorbairt Thar Lear cuairt iniúchta ar bhunáit Bhrindisi in Iúl. Úsáideadh na soláthairtí a chuir Éire ar fáil don íosta i mBrindisi mar fhreagairt ar éigeandálaí daonnúla sa tSúdáin, sa Phacastáin, Peiriú, Buircíne Fasó, Uganda agus Mailí.

AN CÓR TIONSCNAIMH MHEARFHREAGARTHA

I mí Feabhra seoladh feachtas chun comhaltaí den Tionscnamh Mearfhreagartha a earcú – uainchlár de shaorálaithe oilte a bhfuil taithí acu, iad sásta dul i mbun oibre le príomh-chomhpháirtithe na hÉireann chun freagairt d'éigeandálaí daonnúla ar fud an domhain. I 2007, síníodh comhaontaithe comhpháirtithe fuireachais le Gníomhaireacht Dídeanaithe na Náisiún Aontaithe (UNHCR), An Clár Bia Domhanda (WFP) agus Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla (OCHA). Le linn 2007, imscaradh comhaltaí den chór chun dul i mbun oibre le hoifig Ghníomhaireacht Dídeanaithe na Náisiún Aontaithe (UNHCR) don tSomáil agus an Clár Bia Domhanda (WFP) i Srí Lanka agus i Mósaimbíc.

Tháinig an **Coiste Idir-Rannach don Fhorbairt,** a bunaíodh i 2007, le chéile faoi thrí. Aontaíodh téarmaí tagartha don Choiste maraon le bunú dhá Fho-Ghrúpa ar (i) Eagraíochtaí Iltaobhacha agus (ii) Sraitheanna Scileanna. Thug saineolaithe ó réimse chomhtháthú beartais don fhorbairt cuir i láthair don Choiste.

TASCFHÓRSA OCRAIS

I 2007 freisin bunaíodh Tascfhórsa Ocrais chun scrúdú a dhéanamh ar an sainchion tairbhe is féidir le hÉirinn a thabhairt chun dul i ngleic le bunchúiseanna na neamhdhaingne bia, go háirithe san Afraic. Thionól an Tascfhórsa dhá chruinniú i 2007 agus táthar ag súil go gcuirfidh sé tuarascáil ar fáil faoi 2008.

Ag teacht le tiomantas sa Pháipéar Bán an fócas ar stáit leochailleacha a mhéadú, rinneadh dul chun cinn suntasach san obair a bhí ar siúl againn i **Siarra Leon** agus sa **Libéir**. Tugadh aird ar leith a thabhairt ar an tacaíocht shubstaintiúil do Choimisiún na dToghchán Náisiúnta chun toghchán Uachtaránachta a bheadh saor agus cóir a chinntiú i Siarra Leon.

Tíortha na gClár Déthaobhach

I 2007 cuireadh Páipéir Straitéise Tíre nua (CSP) do Mhósaimbíc, an Tansáin, Uganda, Vítneam, an tSaimbia agus an Afraic Theas i bhfeidhm. Cuireann na páipéir straitéise seo an creatoibre do thacaíocht Chúnamh Éireann ar fáil agus tugann mionsonrú faoin gcaoi ar chóir an cúnamh a dhíriú.

Ag teacht leis an mbuiséad foriomlán atá ag dul i méid, agus an cúnamh forbartha oifigiúil ag druidim leis an spriocfhigiúr 0.7% de GNP, tá méadú suntasach tagtha ar

na cláir dhéthaobhacha seo. Tá méadú tagtha ar chlár Uganda ó €96.5 milliún thar an tréimhse trí bliana roimhe go €112 milliún don tréimhse 2007-2009. Leithdháileadh buiséid €116 milliún a bhí ann do Mhósaimbíc ó 2004-2006. Tagann ardú go €207.8 milliún air do 2007-2010 (maoiniú don earnáil sláinte ag éirí as comhaontú Chúnamh Éireann le Fondúireacht Clinton san áireamh). Tagann méadú ar bhuiséad na Tansáine ó €81 milliún sa tréimhse CSP roimhe go thart ar €170 milliún do 2007-2010.

Mar aitheantas ar nádúr ilthoiseach na bochtaineachta, baineann na straitéisí tíre do **Uganda**, **Mósaimbíc** agus an **Tansáin** úsáid as cur chuige cláir ag díriú ar réimsí atá ag teacht le pleananna náisiúnta chun an bhochtaineacht a laghdú agus leis an tionchar is mó a dhéanamh ar shaol na ndaoine is boichte agus is leochaillí sna pobail seo.

Bunaíodh **clár Chúnamh Éireann i Vítneam** i 2005 agus tugadh a céad CSP chun críche i 2007. Thug sé clár Vítneam go leibhéal chlár tíre lánscála agus bhí leithdháileadh buiséid méadaithe suntasach i gceist. Tá fócas CSP Vítneam ar laghdú na bochtaineachta agus ar an éagothroime a laghdú.

Tá clár chúig bliana chun cúnamh déthaobhach de bhreis agus €65 milliún a chur ar fáil don **Afraic Theas** ó 2008 go 2012 tugtha chun críche ag Cúnamh Éireann. Tá cúnamh déthaobhach á chur ar fáil ag Éirinn don Afraic Theas ón idirthréimhse ón apartheid go Rialtas daonlathach neamhchiníoch i 1994. Díreoidh an clár ar réimsí VEID agus SEIF; seachadadh seirbhíse do na bochtáin i gCúige Limpopo; tacaíocht don fhreagairt ar Fhoréigean Bunaithe ar Inscne agus fás eacnamaíoch trí fhorbairt scileanna a spreagadh.

Fágfaidh an CSP nua a aontaíodh do **Saimbia** go gcuirfear breis agus €123 milliún de chúnamh déthaobhach chun na tíre sin idir 2007 agus 2010. Díríonn an clár go príomhdha ar oideachas, dea-rialachas, tacaíocht a thabhairt do sheachadadh seirbhíse do na bochtáin i gCúige an Tuaiscirt agus ar aghaidh a thabhairt ar an leochailleacht agus ar bhochtaineacht ainsealach.

Tar éis tiomantais sa Pháipéar Bán go raibh an Mhaláiv le bheith ina naoú tír comhpháirtí ag Éirinn, d'fhaomhaigh Rialtas na hÉireann oscailt Ambasáide nua agus bunú clár cúnaimh dhéthaobhaigh i 2007. Osclaíodh Ambasáid na hÉireann i Lilongwe i Samhain 2007.

Gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe & NGOanna

Rinneadh dul chun cinn suntasach in athstruchtúrú caidrimh Chúnamh Éireann le **Cláir Cistí na Náisiún Aontaithe.** Ainmníodh Clár Forbarta na Náisiún Aontaithe (UNDP), UNICEF, Ard-Choimisiún na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe (UNHCR) agus Ciste Daonra na Náisiún Aontaithe (UNFPA) mar Chomhpháirtithe Tosaíochta Chúnamh Éireann laistigh de chóras forbartha na Náisiún Aontaithe. Thug Cúnamh Éireann Creat-Comhaontaithe ilbhliantúla le UNICEF agus UNHCR chun críche bunaithe ar chomhchuspóirí forbartha.

Lean Cúnamh Éireann ag tabhairt tosaíochta do leasú córas forbartha na Náisiún Aontaithe agus ghlac páirt ghníomhach i gcláir leasaithe na Náisiún Aontaithe ar leibhéal tire i Vítneam agus sa Tansáin. Ba chuid d'iarracht níos leithne é seo, a seoladh mar chuid de chlár Comhtháthaithe ar fud an Chórais de chuid na Náisiún Aontaithe chun seachadadh cúnamh forbartha na Náisiún Aontaithe ag leibhéal tire a fheabhsú, an forluí idir forais na Náisiún Aontaithe a laghdú agus luach ar airgead a chinntiú. Mar aitheantas ar a ról gníomhach san iarracht leasaithe seo ceapadh Éire, maraon leis an Tansáin, mar éascaitheoir an chláir i gComhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i 2008.

Lean Cúnamh Éireann de bheith ag obair i ndlúthchomhar le **NGOanna Éireannacha** le linn 2007. Tugadh comhaontaithe cláir ilbhliantúla don tréimhse 2007 go 2011 chun críche le Concern (ar fiú €148 milliún), Trócaire (ar fiú €116 milliún), Goal (ar fiú €100 milliún) agus Christian Aid (ar fiú €17 milliún).

Measúnú agus Iniúchadh

I gcomhthéacs ceacht a fhoghlaim agus a chinntiú go n-úsáidtear acmhainní Chúnamh Éireann don éifeacht is mó, chuir an tAonad Measúnaithe agus Iniúchta clár measúnaithe agus iniúchta feabhsaithe i bhfeidhm. Ar na príomhchleachtais mheasúnaithe a tugadh chun críche áirítear: *Athbhreithniú Beartais agus Luach ar Airgead do Chlár Tíre Mhósaimbíc, 2001-2006* agus *Athbhreithniú ar Sheirbhís Acmhainne Misinéireachta na hÉireannn.* Rinneadh clár córasach iniúchta ar chlár Chúnamh Éireann i dtíortha comhpháirtithe. Rinne Coiste Iniúchta neamhspleách na Roinne maoirseoireacht ar fheidhmiú phlean oibre an Aonaid Mheasúnaithe agus Iniúchta.

LÁRIONAD FAISNÉISE AGUS SAORÁLAÍOCHTA

Tugadh an obair ar Lárionad Faisnéise agus Saolálaíochta Chúnamh Éireann agus an t-ábhar atá ar taispeáint ann chun críche i 2007. Osclaíodh an Lárionad, a chothaíonn feasacht agus tuiscint ar shaincheisteanna forbartha, ról Chúnamh Éireann agus deiseanna don duine aonair bheith páirteach, don phobal in Eanáir 2008.

Scaipeadh leagan achoimrithe den **Pháipéar Bán um Chúnamh Éireann** ar gach teach in Éirinn in earrach 2007. Déanann an doiciméad cur síos ar phríomh-mholtaí an Pháipéir Bháin maraon le breis eolais ar chúrsaí forbartha.

Sheol Cúnamh Éireann a phlean straitéise chúig bliana ar **oideachas forbartha** i Samhain 2007. Is é príomhaidhm na straitéise nua a chinntiú go mbíonn an deis ag pobal na hÉireann a bheith níos mó ar an eolas faoi chúrsaí forbartha agus ceartais dhomhanda, ról rialtais agus na sochaí sibhialta, agus plé níos criticiúla a bheith acu le clár Chúnamh Éireann.

Cuireadh an **Clár um Chomhar Straitéiseach** idir Cúnamh Éireann agus Institiúidí Taighde agus Ardoideachais i bhfeidhm don chéad uair i 2007. Bronnadh deontais arbh fhiú €7.3 milliún in iomlán iad d'institiúidí ardoideachais in Éirinn sa chéad bhabhta maoinithe i Meitheamh 2007.

Ag teacht leis an tiomantas a rinneadh sa Pháipéar Ban, chuir Cúnamh Éireann tacaíocht ar fáil d'imeachtaí acadúla agus cultúrtha thart ar **Lá na hAfraice** (25 Bealtaine) chun íomhá dearfach den Afraic a spreagadh in Éirinn.

Seirbhísí Consalachta agus Pasanna

Spriocanna Ardleibhéil, 2005-2007:

Cosaint agus tacaíocht a thabhairt do leasanna shaoránaigh na hÉireann thar lear, naisc le daoine de shinsearacht Éireannach a choinneáil agus a neartú, agus seirbhís pasanna agus consalachta a sholáthar atá nua-aimseartha agus éifeachtach.

Athbhreithniú ar 2007

Comhordaíonn Rannóg Consalachta na Roinne i mBaile Átha Cliath imeachtaí na Misean Éireannach thar lear ar mhaithe le saoránaigh na hÉireann agus téann sí i dteagmháil le baill teaghlaigh in Éirinn. I 2007, thug daoine a chónaíonn in Éirinn 8 milliún turas thar lear.

Cé nach mbíonn deacrachtaí tromchúiseacha ag formhór an líon mór de shaoránaigh na hÉireann a thaistealaíonn thar lear, líon atá ag síormhéadú, tá fás suntasach tagtha ar an éileamh ar chúnamh consalachta agus i gcastacht na gcásanna a ndéileáiltear leo.

Osclaíodh Lárionad Géarchéime tiomnaithe na Roinne go hoifigiúil i 2007 chun freagairt do mhóréigeandálaí thar lear a mbeadh baint ag saoránaigh Éireannacha leo.

Bunaíodh Foirne Chúnamh Consalachta Éigeandála, ar féidir iad a imscaradh go tapa chuig ionaid tubaistí nó ionsaithe sceimhlitheoireachta, agus tugadh lán-oiliúint dóibh.

Sheol an tAire Gnóthaí Eachtracha an Tuarascáil ar Phríosúnaigh Éireannacha Thar Lear a d'ullmhaigh an tUasal Chris Flood.

Eisíodh thart ar 600,000 Pas i 2007. Tháinig méadú ar Mhearsheirbhís Pas Thuaisceart Éireann (NIPX).

I 2007, rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar Aonad na Roinne um Éireannaigh Thar Lear mar chuid den 'Athbhreithniú Beartais agus Luach ar Airgead' ar sheirbhísí d'eisimircigh, a foilsíodh i mí Iúil. Agus anailís fhoirfe ar an gclár á tairiscint aige rinne an tAthbhreithniú moltaí freisin ar an gcaoi le feabhas a chur ar éifeachtacht an phróisis chúnamh deontais. Tá cuid mhór de na moltaí seo á gcur i bhfeidhm faoi láthair.

2007: Forbairtí agus Éachtaí

Cosaint agus Tacaíocht do shaoránaigh Éireannacha

Le linn 2007, chuir an Roinn tacaíocht ar fáil i raon leathan réimsí lena n-áirítear comhairle chuimsitheach ar thaisteal go dtí tíortha nó réigiúin áirithe agus cúnamh i gcásanna deacrachtaí nó anacra. I rith na bliana dhéileáil an Roinn le básanna breis agus 130 Éireannach thar lear agus chuir cúnamh éifeachtach ar fáil dár saoránaigh i gcásanna deacra agus anacracha eile, lena n-áirítear aisdúichiú, ospidéalacht, íospartaigh na coireachta agus na coinneála thar lear.

Cuireadh áiseanna consalachta ar fáil freisin do shaoránaigh Éireannacha a d'fhreastal ar mhór-imeachtaí spóirt lena n-áirítear cluichí cáilíochta do Chraobh Seaimpíní Peile na hEorpa de chuid UEFA, an Corn Domhanda Rugbaí, an Corn Domhanda Cruicéid agus na Cluichí Oilimpeacha Speisialta.

Cuireann láithreán gréasáin na Roinne comhairle taistil chuimsitheach agus cothrom le dáta ar fáil do shaoránaigh Éireannacha a bheartaíonn taisteal thar lear. Léiríonn an chomhairle seo measúnú meáite ar na rioscaí atá i gceist do shaoránaigh Éireannacha a thaistealaíonn go tíortha aonair. Tá sé bunaithe ar an eolas is fearr atá ar fáil ag an Roinn agus baineann úsáid as tuarascálacha ó Mhisin Chonsalachta agus Taidhleoireachta na hÉireann thar lear agus as comhairle a eisíonn tíortha eile, lena n-áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh.

Coinníodh teagmháil le Ranna Rialtais eile agus comhaltaí éagsúla de thionscal na turasóireachta chun comhordú, comhoibriú agus dea-chleachtas san fhreagairt do shaincheisteanna éigeandála a fheabhsú a mbeadh tionchar acu ar shaoránaigh Éireannacha thar lear.

LÁRIONAD ÉIGEANDÁLA

D'oscail an tAire Gnóthaí Eachtracha Lárionad Géarchéime Tiomnaithe na Roinne i mBaile Átha Cliath ar 9 Eanáir 2007. Tá an Lárionad Géarchéime ar chaighdeán idirnáisiúnta agus é lántrealmhaithe chun seirbhís freagartha éigeandála a sholáthar a phléifidh le héigeandálacha, géarchéimeanna agus le tubaistí mórscála, nádúrtha nó de dhéantús an duine, a bhfuil saoránaigh Éireannacha thar lear páirteach iontu. Tá an Lárionad, agus foireann saorálaithe ón Roinn uile aige, in ann nascadh le Lárionaid Ghéarchéime i bpríomhchathracha eile an AE chun faisnéis agus measúnuithe riosca a chomhroinnt le chéile.

FOIRNE CHÚNAMH CONSALACHTA ÉIGEANDÁLA

Beidh na foirne tiomnaithe seo, a bunaíodh agus a oileadh le linn 2007, réidh le himscaradh, le tacaíocht ó lucht gairme oilte más gá, go díreach tar éis tubaiste a mbeadh tionchar aige ar shaoránaigh Éireannacha aon áit ar domhan.

Tionscnaimh chun seirbhísí Consalachta a Fheabhsú Tuilleadh

Le linn 2007, chuir an Roinn tionscnaimh phraiticiúla eile chun cinn a fheabhsóidh cáilíocht an chúnaimh chonsalachta tuilleadh a chuirtear ar fáil do shaoránaigh Éireannacha:

- Ullmhú Chairt Seirbhíse Consalachta sholáimhsithe a chuireann síos ar raon na seirbhísí agus an chúnaimh atá ar fáil do shaoránaigh Éireannacha thar lear;
- Clárú Taistil deonach ar líne do shaoránaigh atá ag taisteal thar lear a thabhairt isteach a d'úsáidfí i gcásanna géarchéime;
- Ó Mhárta 2007, cuireadh raon de Sheirbhísí Consalachta ar fáil don phobal ó oifigí na Roinne i gCorcaigh, lena n-áirítear údarú doiciméad Éireannach lena n-úsáid thar lear; eisiúint litreacha sibhialta saoirse do shaoránaigh Éireannacha a bheartaíonn pósadh i dtíortha eile; agus próiseáil iarratais ar shaoránacht Éireannach ó Chlárú Breithe Coigríche.

Seirbhís Pas

Eisíodh thart ar 600,000 ríomhphas i 2007. Tá leibhéal an éilimh ó Thuaisceart Éireann ag dul i méid i gcónaí. Is iarratais ó dhaoine a rugadh ansin faoi ndear breis agus 10% de na hiarratais uile. De thoradh na mór-infheistíochta i bhforbairt pasanna le bliant beaga anuas, cuimsíonn an pas Éireannach anois raon gnéithe sofaisticiúla frithchalaoise agus tá meas forleathan air mar cheann de na pasanna is fearr agus is sláine ar domhan.
Foilsíodh Bille Pasanna nua in Aibreán 2007. Soláthróidh an Bille bunús cuimsitheach reachtúil do rialúchán agus eisiúint pasanna Éireannacha ag an Aire Gnóthaí Eachtracha. Gabhfaidh sé in ionad an bhunús riaracháin níos ginearálta d'eisiúint pasanna atá ar fáil san Acht Airí agus Rúnaithe 1924, faoinar fheidhmigh an córas eisiúna pas go dtí seo.

Agus cúlra d'fheasacht mhéadaithe ann faoi shlándáil pasanna, gadaíocht chéannachta agus iarratais chalaoiseacha, tá béim idirnáisiúnta ar shlándáil pas agus chéannachta ag dul i méid. Tugann Bille na bPasanna mar sin raon cionta agus píonós a bhaineann le fáil chalaoiseach, mí-úsáid agus droch-úsáid pasanna, lena n-áirítear foráil d'éifeacht seach-chríochach do na forálacha sin. Neartóidh sé iarrachtaí chun dul i ngleic le calaois agus comhlánfaidh sé an infheistíocht shubstaintiúil atá déanta le blianta beaga anuas chun slándáil an leabhráin pas a fheabhsú. D'fhaomhaigh an Coiste Gnóthaí Eachtracha an Bille ar 6 Nollaig 2007 agus meastar go mbeidh sé ceadaithe ag gach uile chéim sa Dáil go luath i 2008.

Leanfaidh an Roinn ag díriú ar fheabhas a chur ar a seirbhís don phobal i gcoitinne i rith na bliana atá romhainn agus cuirfidh sí an tAthbhreithniú ar Luach ar Airgead atá á dhéanamh faoi láthair san áireamh. Déánfaidh an tAthbhreithniú, atá beagnach críochnaithe, measúnú ar éifeacht agus ar éifeachtúlacht na seirbhíse pas agus déanfaidh moltaí le taca a thabhairt do sholáthar seirbhíse ar ardchaighdeán agus costéifeachtch sna blianta atá romhainn.

Pobail Éireannacha Thar Lear

I 2007 rinne an tAonad um Éireannaigh Thar Lear leasú agus feabhsú ar a straitéisí maoinithe trí acmhainní breise a leithdháileadh ar raon níos leithne seirbhísí eisimirceach. Agus tacaíocht bhreise á cur ar fáil do sheirbhísí leasa agus faisnéise túslíne, leathnaigh an clár freisin chun roinnt tionscadal caipitiúil a chur san áireamh maraon le tionscadail a chothaíonn tuiscint níos fearr ar phobal thar lear.

Bhain tionscadail oidhreachta 27% den chaiteachas €14.185 milliún i 2007, i gcomparáid le 8.11% i 2006. De réir mar a leanann próifíl dhéimeagrafach ár Diaspora ag athrú, is é is dóigh go mbeidh tionscadail shóisialta agus chultúrtha dá leithéid mar ghné de ghníomhaíochtaí an Aonaid atá ag dul i méid.

Le tionchar an airgid a leithdháileadh a uasmhéadú, tá an tAonad tar éis rialú airgeadais na scéime deontais a fheabhsú. Chuir an tAthbhreithniú Beartais agus Luach ar Airgead, a foilsíodh in Eanáir 2007, sár-anailís - agus anailís thar a bheith deimhneach – ar fáil ar an gclár tacaíochta d'eisimirceaigh. Ag teacht leis na moltaí a rinneadh san Athbhreithniú, tá an tAonad um Éireannaigh Thar Lear tar éis tús a chur le forbairt ar chórais monatóireachta agus measúnaithe deontais a bronnadh, córais atá ag éirí níos foirmithe.

Cuireadh tús le hathstruchtúrú agus réigiúnú coiste comhairleach Díon a cheap an Rialtas ar thacaíocht d'eisimircigh sa Bhreatain i 2007 agus tabharfar chun críche é i 2008.

Tá forbairt á dhéanamh i gcónaí ar leathadh geografach na scéime deontais chomh maith. I rith 2007 tugadh cúnamh deontais d'aon tír éagsúil déag, i gcomparáid le hocht gcinn i 2006.

Chuir an tAonad an plé ar ár Diaspóra chun cinn freisin agus d'óstaigh Comhdháil Diaspóra rathúil i mBaile Átha Cliath in Aibreán, agus ag dul i mbun dialóige rialta le hollscoileanna agus leis na meáin. Tá comhdháil leantach le reáchtáil sa Bhreatain le linn an chéad leath de 2008.

Seirbhísí Tacaíochta

Tógáil Cumais Inmheánaigh:

Ní mór don Roinn Gnóthaí Eachtracha a chinntiú go gcoinníonn agus go leanann sí uirthi ag forbairt an chumais inmheánaigh is gá chun cuspóirí bheartas eachtrach an Rialtais a chur i gcrích.

Athbhreithniú ar 2007

Sholáthraigh seirbhísí corparáideacha agus tacaíochta na Roinne breis tacaíochta agus éascaíochta d'obair oifigigh na Roinne sa bhaile agus thar lear chun ár spriocanna ardleibhéil a bhaint amach. Cuireann na seirbhisí seo an t-ardán riachtanach ar fáil chun feidhmeanna foirmithe beartais agus seachadta seirbhísí a chur i gcrích go héifeachtach.

Seirbhísí Prótacail

Le linn 2007, d'eagraigh Rannán Prótacail na Roinne cuairteanna Stáit agus Oifigiúla an Uachtaráin agus an Taoisigh thar lear, agus Cuairteanna Stáit agus Oifigiúla ar Éirinn ag Cinn Stáit, Príomh-Airí, Airí Gnóthaí Eachtracha agus aíonna oirirce eile an Rialtais. Ina theannta seo chuir sé comhairle agus chuidigh le forais Rialtais eile maidir lena n-aíonna oifigiúla.

CUAIRTEANNA LE LINN 2007

Thug an tUachtarán cuairteanna ar:

An Bheilg	Geirsí
Ceanada	An Laitvia
Sasana	An Liotuáin
Gearnsaí	An Nua Shéalainn
An Suí Naofa	An Albain
An Iodáil	SAM (Atlanta, Syracuse, Nua Eabhrac)

In Eanáir 2007, rinne an Roinn comhordú ar shocruithe do chuairt an Taoisigh ar an Araib Shádach agus ar Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

Áirítear ar Chuairteanna Ardleibhéil go hÉirinn a d'eagraigh an Roinn:

Uachtarán na Polainne	Uachtarán na Slóvaice
Rí agus Banríon na mBeilgeach	Uachtarán na Fionnlainne
Príomh-Aire na hÍoslainne	Príomh-Aire na Liotuáine

D'oibrigh an Rannán freisin leis an gcór taidhleoireachta cónaitheach agus neamhchónaitheach a bhí creidiúnaithe d'Éirinn, comhdhéanta de 59 Misean i mBaile Átha Cliath agus 63 Misean creidiúnaithe d'Éirinn ar bhonn neamhchónaitheach. Bhí bainistiú a bpribhléidí agus a ndíolúintí i gceist anseo, eagrú a ndíntiúir a chur i láthair an Uachtaráin ag 33 Ambasdóir nua-chreidiúnaithe i 2007 maraon le himeachtaí eile ar a bhfreastlaíonn an Cór Taidhleoireachta.

Chinntigh sé freisin feidhmiú réidh nósanna imeachta d'eitleáin agus do shoithigh ó Rialtais choigríche ag eitilt thar tíre, ag tuirlingt nó ag teacht le balla in Éirinn, agus d'eitiltí Rialtasacha na hÉireann agus cuairteanna cabhlaigh thar lear.

An Preas-Oifig

Soláthraíonn an Preas-Oifig seirbhís éifeachtach meán don Aire agus don Roinn, lena n-áirítear na Rannáin sa Cheannáras agus na Misin thar lear.

Le linn 2007, phléigh an Phreas-Oifig go hinniúil éifeachtach le líon méadaithe fiosruithe ón bpreas, a chumhdaigh an raon iomlán saincheisteanna a láimhseálann an Roinn agus a thagann ó nuachtáin náisiúnta agus áitiúla, ó na meáin chraolta agus ó ionadaithe na sreang-ghníomhaireachtaí atá lonnaithe in Éirinn.

D'oibrigh Preas-Oifig na Roinne go dlúth, freisin, le Ranna Rialtais eile, leis na Misin thar lear agus le Gníomhaireachtaí Stáit chun cuairteanna ar Éirinn a eagrú do bhaill na meán eachtrach agus láimhseáil socruithe don phreas le linn roinnt cuairteanna ardleibhéil isteach i 2007, ceithre Chuairt Stáit san áireamh.

Rinne an Phreas-Oifig monatóireacht ar na meáin baile agus idirnáisiúnta agus d'fhoilsigh gach óráid/preaseisiúint ón Aire Gnóthaí Eachtracha agus na hAirí Stáit sa Roinn, ar shuíomh gréasáin na Roinne, agus scaip sí iad go díreach ar na meáin.

Seirbhísí Dlí

Thug an Rannán dlí cabhair agus comhairle don Roinn ar cheisteanna éagsúla a bhain le Spriocanna Ardleibhéil éagsúla na Roinne:

Tuaisceart Éireann	Tugadh comhairle ar lánfheidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta, lena n-áirítear i dtaobh Chomhaontú Naomh Aindrias, athbhunú Chomhthionól Thuaisceart Éireann agus na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh-Theas.
Beartas Eachtrach	Cinntíodh go raibh cur chuige comhtháite dlí agus beartais ann ó thaobh caidrimh eachtraigh, de réir na Bunreachta agus Chairt na Náisiún Aontaithe. Tugadh comhairle ar chúrsaí dlí na Náisiún Aontaithe lena n-áirítear forghníomhú srianta na Náisiún Aontaithe agus an AE. Cuireadh le forbairt leanúnach ionstraim nua idirnáisiúnta ar chnuas-mhuinisin. Cuireadh éilimh an Stáit ar scairbh ilchríochach bhreisiithe chun cinn. Cinntíodh an dea-chaidreamh oibre le stáit a bhíonn ag iarraidh amhrastaigh a eiseachadadh ó Éirinn, lena n-áirítear síniú chonradh eiseachadta le Réigiún Riaracháin Speisialta Hong Kong. Glacadh páirt i bplé de chuid Chomhairle na hEorpa ar leasú na Cúirte Eorpaigh um Chearta Daonna. Cinntíodh próiseáil agus foilsiú cuí na gcomhaontuithe idirnáisiúnta uile a raibh Éire mar chomhpháirtí iontu i 2006; agus aithníodh agus cuireadh deireadh go rathúil leis an riaráiste stairiúil de bhreis agus 280 comhaontú idirnáisiúnta a bhí ag fanacht go ndéanfaí próiseáil orthu roimhe sin.
An tAontas Eorpach	Tugadh comhairle faoi chúrsaí dlí an AE lena n-áirítear achtú Acht na gComhphobal Eorpach 2007 agus gnéithe dlí dena hidirbheartaíochtaí ar an gConradh Leasaithe.
Trádáil agus cultúr	Tugadh comhairle maidir le conarthaí idirnáisiúnta, caidreamh eacnamaíochta déthaobhach agus cursaí cultúir.
Cúnamh Éireann	Cuireadh comhairle ar Chúnamh Éireann faoina chuid oibre, lena n-áirítear dréachtadh Comhaontuithe agus Conarthaí a rialaíonn aistriú agus úsáid mhaoiniú Chúnamh Éireann go dtí eagraíochtaí comhpháirtíochta agus 'Treoirlínte chun deighleáil le Calaois in Eagraíochtaí Comhpháirtithe'.
Consalacht, Pas	Tugadh comhairle maidir le dréachtadh Bhille na bPasanna 2007 agus cosaint chonsalachta a sholáthar do chearta na saoránach Éireannach thar lear (leanaí san áireamh).

An tAonad Cigireachta

Lean an tAonad Cigireachta ag tabhairt tacaíochta do bhainistiú na Roinne i 2007 trí chuairteanna iniúchta a thabhairt ar Mhisin thar lear. Is é cuspóir na gcuairteanna seo cuidiú le Misin an éifeachtacht a uasmhéadú trína chinntiú go bhfuil a ngníomhaíochtaí ag teacht chomh dlúth agus is féidir le spriocanna straitéiseacha na Roinne agus leis an éifeachtúlacht tríd an gcleachtas is fearr i mbainistiú a n-acmhainní a chur chun cinn. Thug an tAonad Cigireachta 14 cuairt ar Mhisin thar lear i 2007 mar atá leagtha amach thíos.

Ullmhaíodh tuarascálacha ar gach cuairt le go ndéanfadh Bainistíocht Shinsearach na Roinne plé orthu. Rinne an tAonad Cigireachta monatóireacht ar fheidhmiú moltaí na dTuarascálacha. Eagraíodh comhchuairt chigireachta agus iniúchta ar an Ambasáid i nDeilí Nua leis an Aonad Measúnaithe agus Iniúchta i nDeireadh Fómhair 2007.

Misin a ndearnadh Cigireacht orthu i 2007

An Bhruiséal (Ambasáid)	Londain (Ambasáid)
An Bhruiséal (Toscaireacht chuig Comhpháirtíocht na Síochána)	Lucsamburg (Ambasáid)
An Bhruiséal (Buanionadaíocht don AE)	Moscó (Ambasáid)
Búcairist (Ambasáid)	Deilí Nua (Ambasáid)
Nua-Eabhrac (Buanmhisean do na NA)	Ríge (Ambasáid)
Páras (Toscaireacht don OECD agus UNESCO)	Sóifia (Ambasáid)
Valletta (Ambasáid)	Vilnius (Ambasáid)

Seirbhísí Corparáideacha

Tá an Rannán Seirbhísí Corparáideacha freagrach as bainistiú foriomlán acmhainní airgeadais agus daonna na Roinne, á chinntiú go bhfeidhmíonn siad go comhleanúnach thar na Rannáin éagsúla sa Cheannáras agus sna 78 misean lasmuigh den Stát.

D'ullmhaigh an Roinn Ráiteas Straitéise nua (2008-2010) agus chuir faoi bhráid an Taoisigh é i mí na Nollag de réir mar a ceanglaíodh faoin Acht um Bhainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997. Thug an Roinn tiomantas sa Ráiteas athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir i 2008; díreoidh sé seo ar eagrú Rannán sa Cheannáras, agus scaipeadh agus maoiniú Misean thar lear agus córais fhoriomláin bhainistithe sa Roinn.

Agus a cuid dualgas bainistíochta i leith acmhainní daonna á gcomhlíonadh aici, aithníonn an Roinn gur buntáiste mór di ardchaighdeán a foirne. Féachann sí leis na dualgais a éiríonn as na Comhaontuithe Comhpháirtíochta comhleantacha a chomhlíonadh go hiomlán, chomh maith leis na tiomantais a eascraíonn as na tionscnaimh éagsúla faoin Tionscnamh Bainistíochta Straitéisí, agus na caighdeáin fostaíochta den chleachtais is fearr atá ar fáil ar fud na Státseirbhíse.

Agus breis is 1,500 ball foirne dá cuid scaipthe ar fud an domhain, athbhreithníonn an Roinn go rialta na beartais agus cleachtais atá aici, d'fhonn feidhmíocht agus lánsástacht ghairmiúil a cuid daonacmhainní a bharrfheabhsú.
Le linn 2007, bunaíodh fo-ghrúpa tiomnaithe den Choiste Comhairleach Bainistíochta chun maoirsiú a dhéanamh ar shaincheisteanna Bainistiú Acmhainní Daonna.

Tá an Roinn tiomanta i gcónaí na caighdeáin is airde seirbhíse a sholáthar dár gcustaiméirí uile, sa bhaile agus thar lear, de réir phrionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin don Chustaiméir atá faofa ag an Rialtas. Áirítear ar shamplaí praiticiúla dár dtiomantais seirbhíse don chustaiméir, ráthaíocht go bhfuighidh duine a úsáideann an Mhearsheirbhís Pas a pas nó a phas laistigh de dheich lá oibre, seirbhís ar an lá céanna d'údarú doiciméad oifigiúil, agus soláthar seirbhíse lasmuigh d'uaireanta seirbhíse sa bhaile agus thar lear dóibh siúd go mbíonn pasanna uathu ar bhonn éigeandála, tráthnónta agus ag an deireadh seachtaine.

Cuireann ár bPlean Gníomhaíochta Seirbhíse don Chustaiméir béim ar ár dtiomantas praiticiúil do chomhlíonadh oibleagáidí Chairt Chustaiméirí na Roinne, agus tá an dá cheann seo ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne.

Aithníonn an Roinn go bhfuil sé tábhachtach a chinntiú go n-úsáidtear ár n-acmhainní airgeadais go héifeachtach inniúil. Tá sonraí caiteachais na Roinne i 2007 faoin dá Vóta dá cuid, agus an t-ús píonóis ar íocaíochtaí malla, le fáil in Aguisíní 1, 2 agus 3. Tá an Roinn an-chomhfheasach, freisin, faoin ngá atá le luach maith ar airgead a aimsiú ar an gcaiteachas a bhíonn aici. Léiríonn Aguisín 4 na hathbhreithnithe éagsúla atá á ndéanamh ag an Roinn faoi Thionscnamh an Rialtais um Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Beartais. Tuairiscíonn Aguisín 5 ar Anailís ar Thionchar Rialála agus ar Chlár Reachtúil 2007.

I measc na n-éachtaí agus na bhforbairtí i 2007 bhí:

- Forfheidhmiú leanúnach na n-athruithe nuachóirithe agus solúbthachta a ordaíodh faoi na Comhaontuithe Comhpháirtíochta, Buanú an Dul Chun Cinn agus I dTreo 2016;

- Dul chun cinn maith i ndílárú Stiúrthóireacht an Chomhair Fhorbartha go Luimneach. Faoi dheireadh 2007 bhí réamhpháirtí de bhreis agus 50 den fhoireann i mbun oibre i Luimneach agus 83% den fhoireann Stiúrthóireachta a bhí le dílárú, ainmnithe;

- Ceannach dhá mhaoin Misin thar lear – Meicsiceo agus Brasilia – agus tugadh ceannach súimh do Sheansaireacht nua in Addis Ababa chun críche. I 2007 freisin críochnaíodh tionscadail athchóirithe i roinnt Ambasáidí ar leis an Stát iad, An Háig agus Liospóin san áireamh; agus

- Críochnaíodh Straitéis ICT (2007-2010) nua don Roinn agus rinneadh athnuachan iomlán ar Ríomhairí Pearsanta Deisce ag an gCeannáras i mBaile Átha Cliath.

Aguisíní

Aguisín 1

Vóta 28 (Gnóthaí Eachtracha) Meastacháin agus Táirgeacht Shealadach do 2007

Aguisín 2

Vóta 29 (Comhar Idirnáisiúnta) Meastacháin agus Táirgeacht Shealadach do 2007

Aguisín 3

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Aguisín 4

Tuairisc Stádais ar na Ahthbhreithnithe um Luach ar Airgead (Clár 2006-2008)

Aguisín 5

Tuairisc ar Anailís ar Thionchar Rialála agus ar Chlár Reachtaíochta 2007

Aguisín 1

Vóta 28 (Gnóthaí Eachtracha) Meastacháin agus Táirgeacht Shealadach do 2007

	Seirbhís	Soláthar Meastacháin €000	Táirgeacht Shealadach €000
	RIARACHÁN		
A.1.	TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS	96,018	98,200
A.2.	TAISTEAL AGUS COTHÚ	8,600	8,000
A.3.	COSTAIS THEAGMHASACHA	6,750	6,800
A.4.	SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	8,600	8,300
A.5.	INNEALRA OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE EILE	27,350	32,000
A.6.	COSTAIS ÁITREABH NA HOIFIGE	47,640	33,178
A.7.	SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA	900	275
A.8	ATHBHREITHNITHE AR LUACH AR AIRGEAD AGUS AR BHEARTAIS	100	30
	SEIRBHÍSÍ EILE		
B.1.	AISDÚICHIÚ AGUS COTHABHÁIL NA NÉIREANNACH I NGUAIS THAR LEAR	77	43
C.1.	TACAÍOCHT DO GHRÚPAI IMIRCEOIRÍ AS ÉIRINN	15,165	14,179
D.1.	SEIRBHÍSÍ FAISNÉISE	566	415
E.1.	SÍNTIÚIS DO CHOMHLACHTAÍ IN ÉIRINN CHUN CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA A CHUR AR AGHAIDH (DEONTAIS I GCABHAIR)	320	285
F.1	COMHAR THUAIDH-THEAS AGUS ANGLA-ÉIREANNACH	3,000	2,759
F.2.	AN CISTE IDIRNÁISIÚNTA D'ÉIRINN	195	195
G.1	CAIDREAMH CULTÚRTHA LE TÍORTHA EILE	1,000	1,085
H.1	BORD COMHAIRLEACH EACNAMAÍOCH NA HÉIREANN-MHEIRICEÁ	28	4
I.1	SÍNTIÚIS D'EAGRAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA	32,498	37,652
J.1	TEIDEAL V DEN CHONRADH UM AONTAS EORPACH	582	582
K.1	CÚNAMH DO THÍORTHA IARRTHACHA AN AE	2,215	1,347
L.1	TIONSCADAL AN CHONAIR ATLANTAIGH	250	250
M.1	STRAITÉIS NA HÁISE	200	168
N.1.	CISTÍ TACAÍOCHTA D'ÉIRINN	2,000	0
	Oll-iomlán	**254,054**	**245,747**
Bain as:-			
O.	LEITHREASAÍ-I-gCabhair	39,000	38,300
	Glan-iomlán	**215,054**	**207,447**

Aguisín 2

Vóta 29 (Comhar Idirnáisiúnta) Meastacháin agus Táirgeacht Shealadach do 2007

	Seirbhís	Soláthar Meastacháin €000	Táirgeacht Shealadach €000
	RIARACHÁN		
A.1.	TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS	15,744	14,899
A.2.	TAISTEAL AGUS COTHÚ	2,660	2,470
A.3.	COSTAIS THEAGMHASACHA	3,531	3,095
A.4.	SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	1,500	1,112
A.5.	INNEALRA OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE EILE	1,020	959
A.6.	COSTAIS ÁITREABH NA hOIFIGE	2,099	2,352
A.7.	SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA	2,000	2,237
	SEIRBHÍSÍ EILE		
B.	ÍOCAÍOCHT DON CHISTE DEONTAIS-I-GCABHAIR DO CHÚNAMH DÉTHAOBHACH AGUS COMHAR EILE (DEONTAS-I-GCABHAIR)	426,510	426,510
C.	CÚNAMH DO GHÉARCHÉIMEANNA DAONNÚLA	60,000	60,000
D.	ÍOCAÍOCHTAÍ DO CHISTÍ IDIRNÁISIÚNTA CHUN SOCHAIR NA dTÍORTHA FORBRAÍOCHA	22,650	22,637
E.	SÍNTIÚIS DO NA NÁISIÚIN AONTAITHE AGUS DO GHNÍOMHAIREACHTAÍ FORBARTHA EILE	62,900	62,900
	Oll-iomlán	600,614	599,171
Bain as:-			
F.	LEITHREASAÍ-I-GCABHAIR	135	656
	Glan-iomlán	**600,479**	**598,515**

Aguisín 3

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Rialaíonn forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, leasaithe ag Rialacha na gComhphobal Eorpach (Íoc Mall in Idirbhearta Tráchtála), 2002, íocaíocht sonrasc ag an Roinn. Déanann an Roinn iarracht gach sonrasc a íoc a luaithe is féidir tar éis sheachadadh sásúil earraí agus seirbhísí.

Ba é €1,805 méid iomlán an úis phíonóis ar Vóta na Roinne i 2007 (Vóta 28) maidir le 23 cás. Ina theannta san, íocadh €402.88 in iomlán mar ús píonóis ar íocaíochtaí malla faoi Vóta 29 (Comhar Idirnáisiúnta) maidir le 9 cás.

Aguisín 4

Tuairisc Stádais ar na hAthbhreithnithe um Luach ar Airgead (Clár 2006-2008)

Vote 28 – Gnóthái Eachtracha

Athbhreithniú ar Luach ar Airgead	Aidhm an Athbhreithnithe	Sprioc-Dháta	Stádas Reatha
Tacaíocht do Ghrúpaí Imirceoirí Éireannacha	Measúnú a dhéanamh ar an luach ar airgead a aimsíodh i gcás thacaíocht na Roinne do Ghrúpaí Imirceoirí Éireannacha Thar Lear	12/2006	An tuarascáil tugtha chun críche Iúl 2007
Tionscadal na bPasanna Uathoibríocha	Measúnú a dhéanamh ar éifeacht agus éifeachtúlacht na seirbhíse pas agus moltaí cuí a chur ar fáil don Roinn a thacóidh le seirbhís pas chostéifeachtach d'ardchaighdeán a chur ar fáil sna blianta romhainn.	12/2007	An tuarascáil le críochnú faoi lár 2008.

Vóta 29 – Comhair Idirnáisiúnta

Athbhreithniú ar Luach ar Airigead	Aidhm an Athbhreithnithe	Sprioc-Dháta	Stádas Reatha
Cúnamh Daonnúil Éigeandála ó Chomhar Forbartha Éireann do shainanachain (Tsunami)	Anailís a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach trí thacaíocht Chúnamh Éireann do thíortha ar bhuail an Tsunami iad. Measúnú a dhéanamh ar bhainteacht, éifeachtúlacht, éifeacht, inbhuaineacht, aire do shaincheisteanna leathana, agus ar bhainistiú cláir fhreagartha Chúnamh Éireann don Tsunami.	12/2006	An tuarascáil foilsithe Deireadh Fómhair 2007.
Cúnamh Forbartha do Mhósaimbíc	Measúnú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú Chlár Thír Mhósaimbíc, a mhaoinigh Cúnamh Éireann.	12/2007	An tuarascáil tugtha chun críche sa tríú ráithe 2007 agus foilsithe Feabhra 2008.

Athbhreithniú ar Luach ar Airgead	Aidhm an Athbhreithnithe	Sprioc-Dháta	Stádas Reatha
Líne Buiséid HIV/AIDS VEID/SEIF	Cúnamh Éireann agus Oireachtas na hÉireann a chur ar an eolas faoi (i) chaighdeán foriomlán fhreagairt Chúnamh Éireann do VEID/SEIF; bainistiú caiteachais VEID/SEIF Chúnamh Éireann 2000-06 (ag teacht le Treoirlínte an Tionscnaimh Luach ar Airgead) maidir lena straitéis fhoriomlán; a éifeachtúlacht, éifeacht, bainteacht, tionchar agus inbhuaineacht, ag tógáil cás-staidéar tíre amháin mar shampla agus (ii) tionchar a imirt ar chinnteoireacht amach anseo agus cuidiú le tosaíocht straitéiseach do chaiteachas VEID/SEIF	12/2008	An obair idir lámha faoi láthair. Táthar ag súil leis an tuarascáil dheiridh ag deireadh Lúnasa 2008.

Aguisín 5

Tuairisc ar Anailís ar Thionchar Rialála

Clár Reachtúil 2007

Acht na gComhphobal Eorpach 2007 – Uimh. 18 de 2007

Achtadh an tAcht seo le dhá mhórbhreithiúnas de chuid na Cúirte Uachtaraí a chur san áireamh (Browne v AG agus Kennedy v AG), breithiúnais a d'fhág go raibh gá le hathruithe a dhéanamh sa chaoi a thrasuíonn Éire bearta AE inár ndlí intíre. Ceadaíonn an tAcht d'Airí Achtanna an Oireachtais atá ann cheana a úsáid chun Ionstraim Reachtúla a chruthú chun dlí AE a fheidhmiú, ar an bhforáil go mbaineann an tAcht atá i gceist leis an réimse beartais chéanna a chlúdaíonn dlí an AE. Forálann sé cumhacht nua d'Airí chun cionta indíotáilte a chruthú do sháruithe tromchúiseacha dlí an AE. Cuireadh uasteorainn trí bliana príosúin agus fíneáil suas go €500,000 ar na píonóis.

I gcásanna ina fheidhmíonn Éire athruithe móra beartais de bhun bearta AE, tá sé I gciest ag an Rialtas leanúint ag tabhairt reachtaíochta príomhúla isteach, ag teacht leis an gcleachtas go dti seo. Ós rud é go mb'ionann an tAcht seo agus leasú teicniúil ar reachtaíocht a bhí ann cheana, ní raibh gá le Anailís ar Thionchar Rialála (RIA).

Billí a d'ullmhaigh an Roinn i 2007

Billí na bPasanna 2007 – Uimh. 30 de 2007

Foilsíodh Bille nua Pasanna in Aibreán 2007. Soláthróidh an Bille bunús reachtúil cuimsitheach do rialú agus d'eisiúint pasanna Éireannacha ag an Aire Gnóthaí Eachtracha. Glacfaidh sé ionad an bhunús riaracháin níos ginearálta d'eisiúint pasanna atá le fáil in Acht na nAirí agus na nArd-Rúnaithe 1924, faoinar oibrigh córas eisiúint na bpasanna go dti seo.

Ullmhaíodh RIA scagtha agus cuireadh faoi bhráid an Rialtais é le Chinn an Bhille agus d'fhaomhaigh an Chomh-Aireacht é ar an 12 Aibreán 2006. D'fhaomhaigh an Coiste Gnóthaí Eachtracha an Bille ar 6 Nollaig 2007 agus táthar ag súil go mbeidh sé rite ag gach céim den Dáil go luath i 2008.

Ionstraim Reachtúla (IR) a d'ullmhaigh an Roinn i 2007.

D'ullmhaigh an Roinn na IR seo a leanas i 2007. Bhain siad uile le pribhléidí agus/nó díolúintí a leathnú chuig comhaltaí breise faoi reachtaíocht a bhí ann cheana agus, da thoradh sin, measadh nár ghá ATR.

Uimh. 18 de 2007	Ordú an Achta um Barántas Gabhála 2003 (Ballstáit Ainmnithe) 2007
Uimh. 38 de 2007	Ordú um Acht na gComhphobal Eorpach (Leasú) 2006 (Tosach Feidhme) 2007
Uimh. 39 de 2007	Ordú um Acht na gComhphobal Eorpach (Leasú) 2006 (Tosach Feidhme) 2007
Uimh. 59 de 2007	Ordú an Achta um Barántas Gabhála 2003 (Ballstáit Ainmnithe) (No. 2) 2007
Uimh. 553 de 2007	An tOrdú um Coinbhinsiún Tampere (Pribhléidí agus Díolúintí) *(Ordú Rialtais)*
Uimh. 659 de 2007	Ordú an Bhille um Fhorghníomhú Pianbhreitheanna a Aistriú 2005 (Tíortha Ainmnithe) 2007